



**Ollscoil
Mhá Nuad**

Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais

De chuid

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

(ar a dtugtar Ollscoil Mhá Nuad de ghnáth)

don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

(Ullmhaithe de réir na bPrionsabal Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo)



CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach (leathanaigh)

Eolas Ginearálta	2
Tuarascáil an Sparánaí	3 - 9
An Ráiteas ar Fhreagrachtaí	10
An Ráiteas ar Rialachas	11- 17
An Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh	18 - 24
Tuarascáil na nIniúcháirí	25 - 27
Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach	28
Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe ar Chúlchistí	29
Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar an Staid Airgeadais	30
Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid	31
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	32 - 52

Eolas Ginearálta

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.

Baincéirí

Bainc Aontas Éireann Cpt,
An tSráid Mhór,
Maigh Nuad
Co. Chill Dara.

Comhairleoirí Dlí

McCann Fitzgerald,
Cois na hAbhann a hAon,
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2.

Tuarascáil an Sparánaí

Is mór agam Ráitis Bhliantúla Airgeadais Ollscoil Mhá Nuad (go hoifigiúil ‘Ollscoil na hÉireann Má Nuad’) a chur i láthair don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais FRS 102 agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta (SORP) – Cuntasaíocht don Bhreiseoideachas agus don Ardoideachas 2015, ach go bhfuil eisceacht amháin sa chur i láthair, mar atá go ndéantar Deontais Chaipitil Stáit iarchurtha a nochtaidh i gcúlchistí seachas laistigh de chreidiúnaithe faoi mar atá molta ag an SORP. Ní athrú ábhartha atá san eisceacht seo agus níl tionchar aici ar ‘léargas fírinneach agus cóir’ sna Ráitis Airgeadais. Rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas cur i láthair na Ráiteas Airgeadais seo a fhaomhadh i gcomhréir le hAlt 39 (i) dAcht na nOllscoileanna, 1997

Athbhreithniú ar an mbliain


Ní fhéadfar neamhaird a thabhairt ar phaindéim Covid-19, a bhfuil an domhan sainithe aici le bliain anuas, in aon athbhreithniú ar 2019/20. Is eol dom na híobairtí a rinne gach duine le linn an ama neamhghnách seo. Chuaigh an phaindéim dhomhanda i gcion ar Ollscoil Mhá Nuad ar mhórán bealaí. Bhásaigh an Moinsíneoir Jim Cassin, a bhí ina bhall den cheathrú agus den chúigiú Údarás Ceannais le Covid-19 ag tús na paindéime. Chomh maith leis sin, bhásaigh tuismitheoirí, gaolta agus cairde le baill foirne agus le mic linn le Covid-19. Tholg roinnt ball foirne agus mac léinn an víreas agus tháinig siad slán uaidh. Mar thoradh díreach ar an bpaindéim dhomhanda chuaigh an Ollscoil i mbun teagaisc ó chian i mí an Mhárta 2020. Dúnadh an campas a bheag nó a mhór. Rinne an fhoireann go léir sáriarracht a chinntiú go leanfadh an Ollscoil ar aghaidh ag feidhmiú, fiú más ar bhealach difriúil é, le linn na tréimhse sin a bhí an-deacair. Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair agus do na hiarrachtaí a rinne an fhoireann go léir chun go bhféadfadh an Ollscoil bliain acadúil 2019/2020 a críochnú agus tús a chur le bliain acadúil 2020/21 ar bhealach a bhí gairmiúil agus cúirtéiseach ach a raibh doichte acadúil ag baint leis ag an am céanna. Tá sé de cheart ag an ollscoil a bheith bródúil aisti féin mar phobal agus as an méid atá bainte amach aici le linn tréimhse a bhí thar a bheith deacair. De bhrí go bhfuil vacsaíní aimsithe agus ceadaithe chun dul i ngleic le Covid-19, is féidir leis an Ollscoil a bheith ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an timpeallacht oibriúcháin sa dara leath de 2021.

Tá pobal Ollscoil Mhá Nuad thar a bheith bródúil as na baill foirne agus as na céimithe go léir a bhí páirteach sa fhreagairt náisiúnta ar an bpaindéim. Is féidir liom a rá gur léirigh siad siúd go léir i bpobal na hOllscoile ar labhair mé leo le linn 2020 an-mheas go deo ar iarrachtaí ár nUachtaráin, an tOllamh Philip Nolan, agus ar an gceannaireacht náisiúnta atá léirithe aige (in éineacht le daoine eile) sa chomhrac i gcoinne Covid-19. Tá a ainm in airde ar fud na tíre, agus is duine é a aithníonn nach mór gach duine sa tsochaí agus laoch ar son na ngnáthdhaoine agus iad ag iarraidh maireachtáil tríd an bpaindéim seo. Tá an-bhród orainn gur féidir linn a rá gur duine dinn féin é.

Léiríonn toradh deiridh na bliana barrachas de €6.389m, i gcomparáid le barrachas de €0.23m don bhliain roimhe sin. Faoi mar a phléifidh mé thíos, seachas Ioncam Eile, tháinig fás ar ár n-ioncam ag teacht leis na réamh-mheastacháin agus shábháil an Ollscoil costais shuntasacha ar fud líon míreanna caiteachais. Fuair Ollscoil Mhá Nuad Tacaíocht Covid mar mhaoiniú deontais ón ÚAO chun na costais bhreise a bhain go sonrach le Covid-19 a chlúdach. Aithníodh €1.729m de sin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach in 2019/20 agus rinneadh €0.48m a chaipitliú agus scaoilfear é chuig SOCI thar thréimhse trí bliana.


Is é €164.4m an t-ioncam iomlán, méadú de €19.9m ar 2018/19 (sula gcuirtear maoiniú iarchurtha pinsean i gcuntas). Baineann €9.6m de sin le hioncam taighde, €6.6m le Táillí agus baineann €5m le hardú ar an deontais stáit. Déantar é sin a fhritháireamh trí laghdú de €1.4m ar Ioncam Eile. Is ionann agus €28.8m an cistiú iarchurtha pinsean, méadú de €0.5m le hais na bliana roimhe sin. Tháinig méadú de €13m ar an gCaiteachas Iomlán de €157.5m (gan costais iarchurtha pinsean a chur san áireamh) le hais 2018/19. Is de bharr méadú de €8.2m ar Chostais Oibriúcháin Eile (de bharr gníomhaíocht taighde i gcomhar go príomha) agus €5m i gcostais foirne de bharr ardú ar líon na foirne (39 sa bhreis ar an mbliain seo caite), athbhunú pá agus incrimintí a tharla sé sin den chuid is mó. Baineann €1.4m den ardú de €5m ar phá le pá taighde. I bhFíor 1 thíos déantar an t-ioncam do 2019/20 a chur i gcomparáid leis an ioncam do 2018/19 agus i bhFíor 2 déantar comparáid idir an caiteachas do 2019/20 agus an caiteachas do 2018/19.

Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)



Student fees=Táillí mac léinn, Research grants and contracts=Deontais taighde agus conarthaí, Net deferred funding for pensions=Glanchistiú iarchurtha do phinsin, State Grants – Recurrent=Deontais Stáit – Athfhillteach, Other income=Ioncam eile, Amortisation of state deferred capital grant=Amúchadh deontais caipitil stáit iarchurtha

Fíor 1. Comparáid idir ioncam ó 2018/19 agus ioncam ó 2019/20



Interest and other finance costs=Ús agus costais airgeadais eile, Depreciation=Dímheas, Net deferred cost of pensions=Glanchoistais iarchurtha pinsean, Other operating expenses=Costais oibriúcháin eile, Staff costs=Costais foirne


Fíor 2. Comparáid idir ioncam ó 2018/19 agus ioncam ó 2019/20

Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

Is iad táillí na mac léinn an phríomhfhoinsé ioncaim atá ag ollscoileanna, b'ionann táillí agus 49% den ioncam (gan ioncam pinsean san áireamh) don bhliain (2019: 50%). Tháinig méadú de €6.6m ar an ioncam ó tháillí mac léinn go dtí €80.1m arb ionann é agus méadú 9% ar an mbliain roimhe sin. Is de bharr méadú ar líon na mac léinn (lena n-áirítear ioncam de €1.6m mar thoradh ar an gcéad ghrúpa mac léinn a bheith á nglacadh isteach in MIEC sa tSín) agus athrú ar an meascán de mhic léinn fochéime a tharla an méadú sin.

B'ionann agus €65.3m táillí fochéime (2019: €59m) agus b'ionann táillí iarchéime agus €12m (2019: €11m). In 2019/20 d'íoc páirtithe seachas an tÚdarás um Ard-Oideachas €48m go díreach leis an ollscoil thar ceann mic léinn. D'íoc an Stát €32m (2019: €27.7m) mar tháillí mac léinn thar ceann mic léinn faoi chistiú an ÚAO faoin 'scéim saortháillí'. Chomh maith leis sin, fuarthas €11.9m (2019: €11.9m) trí *Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn* (SUSI).

D'íoc mic léinn neamh-AE €7.3m den €48m a d'íoc mic léinn nó a íocadh thar a gceann, (2019: €5.1m). D'fhan an ranníocaíocht aonair ó mhic léinn AE ag €3,000. Spreagann líon na mac léinn an t-ioncam ó tháillí mac léinn agus an t-ioncam ó dheontas Stáit den chuid is mó. I bhFíor 2 thíos déantar comparáid idir táillí mac léinn fochéime, iarchéime, tobhach mac léinn agus táillí ilchineálacha in 2019/20 agus in 2018/19.



Fíor 2. Comparáid idir Táillí Mac Léinn 2018/19 go dtí 2019/20

Undergraduate Fees=Táillí Fochéime, Postgraduate Fees=Táillí Iarchéime, Miscellaneous Fee Income=Ioncam ó Tháillí Ilchineálacha, Student Levy=Tobhach Mac Léinn

Tháinig laghdú de €1.4m go dtí €11.8m ar ioncam eile, go príomha de bharr caillteanais de €0.95m in árais chónaithe, caillteanas ioncaim ó chíos agus ó lamháiltais de €0.7m agus é sin á fhritháireamh ag méadú beag de €0.25m ar ioncam deontais eile. Baineann na haisíocaíochtaí le mic léinn i leith lóistín agus an caillteanas ioncaim ó chíos agus ó lamháiltais go díreach le Covid -19 agus tá an Ollscoil muiníneach gur féidir an t-ioncam sin a athbhunú in 2021/22.

Bhí méadú foriomlán de €9.6m ar an ioncam ó dheontais taighde agus ó thionscadail le hais na bliana roimhe sin (méadú de 34%). Baineann cuid mhór den mhéadú sin le tionscadail AE atá á dtreorú ag Ollscoil Mhá Nuad agus a dháiltear ansin ar chomhpháirtithe taighde in institiúidí eile (méadú de €8.5m).

B'ionann agus €14m (2019: €14m) an t-ioncam do thaighde a rinneadh ar an gcampas ag Ollscoil Mhá Nuad (gan IReL san áireamh) in 2019/20. Léiríonn sé sin go bhfuil an scála gníomhaíochta taobh thiar de na dámhachtainí go fóill. D'fhéadfadh cuid de sin a bheith mar thoradh ar laghdú a tháinig ar chaiteachas i ndiaidh thús na paidéime i mí an Mhárta 2020, agus a chuaigh gcion ar na seacht mí dheireanacha den bhliain. D'ainneoin sin, rinneadh roinnt dámhachtainí suntasacha le déanaí. Mar fhreagairt ar an ngéarchéim, thug taighdeoirí faoi roinnt tograí taighde gearrthéarmacha a dearadh chun tionchair Covid-19 a thuiscint agus a mhaolú. Bhain taighdeoirí sa Dlí agus sa Bhitheolaíocht amach dhá dhámhachtain ón gComhairle Eorpach um Thaighde sa tréimhse 2019/20, agus is gnóthachtáil shuntasach an méid sin ó tharla go raibh siad in iomaíocht le taighdeoirí ar fud na hEorpa go léir agus go raibh na dámhachtainí ar fáil i ngach réimse taighde. Ar deireadh, i mí na Nollag 2020, rinne Microsoft Ireland agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann cómhaoiniú de €5.6m ar mhórtionscadal taighde ilinstitiúideach maidir le hathrú aeráide, faoi cheannas ICARUS agus NCG. Is méadú suntasach é sin ar an ioncam ó earnáil na tionsclaíochta sna blianta seo amach romhainn.

Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

B'ionann agus an caiteachas athfhillteach don bhliain (€184.4m agus costais iarchurtha pinsin san áireamh) méadú de €13m nó 9% bliain ar bhliain. B'ionann agus €87.9m na costais foirne, méadú de €5m nó 6% ar 2018/19. Baineann an méadú le foireann bhreise, 39, athbhunú pá agus incrimintí. Tháinig méadú de €5.2m go dtí €24m ar an táille sheirbhíse FRS102 a bhaineann le pinsin. Tháinig méadú de €8.2m nó 16% ar na costais neamhphá i gcomparáid le 2018/19. Tugtar breac-chuntas i dTábla 1 thíos ar na príomhghluaiseachtaí i gcostais neamhphá. Baineann €8.5m den mhéadú sin le gníomhaíocht nua maidir le comhpháirtíocht taighde, €1.2m le caiteachas IRel, €1.1m le trealamh, arna fhritháireamh ag costais a sábháladh ar fud líon míreanna caiteachais.

	2019/20	2018/19	Athraitheas	Céatadán	Míniú
	€'000	€'000	€'000		
Taisteal agus Cothabháil	1,403	2,839	(1,436)	(51%)	Níos lú taistil de bharr srianta Covid -19.
Fáilteachas agus Féilteachas	73	132	(59)	(45%)	Níos lú fáilteachais de bharr srianta Covid -19.
Earraí Inchaite	2,195	2,672	(477)	(18%)	Sábháil airgid i dtaca le soláthairtí ríomhaireachta agus saotharlainne de bharr níos lú daoine a bheith ar an gcampas
Deisiúcháin agus Cothabháil Ghinearálta	3,803	3,827	(24)	0.6%	Gan a bheith suntasach
Fóntais	1,792	2,038	(246)	(12%)	Sábháil airgid i dtaca le costais teasa de bharr coirí níos éifeachtaí agus níos lú daoine a bheith ar an gcampas
Glantachán agus Slándáil ar Conradh	1,730	1,906	(176)	(9%)	Méadú ar chostais ghlantacháin a bhaineann leis an aistriú idir dhá sholáthraí an bhliain roimhe sin agus níos lú glantacháin de dhúth in 19/20 de bharr Covid- 19
Ríomhirlisleabhair na Leabharlainne Taighde	14,167	12,960	1,207	9.3%	Bliain iomlán caiteachais a bhaineann le ball nua den Chuibhreannas in 2019/20
Leabhair & Tréimhseacháin	1,411	1,614	(203)	(12%)	Ceannach aon uaire i dtaca le bonnachar sonraí stát-pháipéar in 18/19
Iniúchadh, Gairmiúil agus Comhairliúchán	2,516	2,765	(239)	(9%)	Laghdú ar tháillí dlí
Cíos, Rátaí & Árachas	2,231	2,440	(209)	(9%)	Laghdú ar chíos don Champas Theas
Caipitíocht	1,793	1,844	(51)	(3%)	Gan aon athraitheas ábhartha
Scoláireachtaí	6,652	6,074	578	10%	Méadú ar mhaoiniú inmheánach i dtaca le stipinní agus scoláireachtaí táillí teagaisc
Trealamh	4,727	3,561	1,166	33%	Uasghrádú ar TF, ceannach trealaimh ríomhaireachta, bogearraí, athnuachan ar cheadúnais, Ríomhairí Glúine an UÁO do Mhic Léinn an Chúrsa Rochtana
Costais Eile a Bhaineann le Fostaithe	707	910	(203)	(22%)	Laghdú ar tháillí comhdhála agus ar chostais earcaíochta de bharr Covid-19
Fógraíocht agus PR	781	1,266	(485)	(38%)	Laghdú ar fhógraíocht agus ar mhargaiócht cúrsaí
Costais a bhaineann le mic léinn	3,076	2,434	642	26%	Méadú ar theagasc tríú páirtí do Fuzhou agus ar chabhair agus ar thacaíocht dhíreach do mhic léinn
Costais agus Táillí Eile	10,676	2,238	8,438	377%	Méadú ar ghníomhaíocht taighde i gcomhar €8.5m
Iomlán	59,733	51,520	8,213		

Tábla 1: Gluaiseachtaí i gcostais Neamhphá 2019/20 v 2018/19

Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

B'ionann agus €18.6m an caiteachas caipitil le linn na bliana agus infheistíodh €3.5m i dtalamh agus i bhfoirgnimh, caitheadh €0.9m ar threalamh caipitil (lena n-áirítear €0.6m ar threalamh caipitil i gcomhair taighde) agus €14.2m ar Obair idir Lámha. Baineann €3m den €3.5m breise maidir le Talamh agus Foirgnimh le carrchlós agus le suíomh forbartha agus baineann €12.7m den Obair Idir Lámha le Tionscadal na Teicneolaíochta, na Sochaí agus na Nuálaíochta a bhí ag dul ar aghaidh le linn 2019/20. Leagtar amach i Nóta 25 na gealltanais chaipitil ag deireadh na bliana. B'ionann agus €42.1m na gealltanais chaipitil a raibh conradh ann ina leith ar an 30 Meán Fómhair 2020 (2019: €51.5m) agus baineann €38m de sin le Tionscadal na Teicneolaíochta, na Sochaí agus na Nuálaíochta. In 2018/19 bhronn an tÚdarás um Ard-Oideachas deontas caipitil de €25m i leith an tionscadail seo ar an Ollscoil agus bhí €18.625m de sin faighte faoi mhí na Nollag 2020. Baineann €4m breise de ghealltanais chonraithe le hinfeistíochtaí in áiseanna spóirt agus pobail. Mar bhreis ar an €42.1m, b'ionann agus €16.4m na gealltanais bhreise údaraithe ar an 30 Meán Fómhair 2020, lena n-áirítear €14.1m d'ionad nua na Mac Léinn agus €2.2m i gcomhair thórdhreachú na ríochta poiblí. Léiríonn an leibhéal ard gealltanais atá ar conradh agus údaraithe ár dtiomantas maidir le hinfeistíocht a dhéanamh i mbonneagar an champais sa bhliain seo amach romhainn.

Is ionann agus €76.6m an t-airgead agus na coibhéisí airgid ar láimh ar an 30 Meán Fómhair 2020, méadú de €1.4m ar an dáta céanna an bhliain seo caite. Míníonn an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, ar leathanach 31, an ghluaiseacht a eascraíonn go hachomair as glan-insreabhadh airgid de €17.6m ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (2019: €11.4m) á fhritháireamh ag maoiniú tionscadal caipitil de €10.6m (2019: €5.2m), íocaíochtaí úis agus léasa de €1.8m (2019: €1.5m) agus aisíocaíocht €3.8m ar an iasacht ón BEI (2019: €2.5m). San áireamh sna hiarmhéideanna airgid ag deireadh na bliana tá €34.9m a bhaineann le hiasacht BEI. Caithfear na cistí sin ar thionscadail chaipitil chonraithe ar tugadh breac-chuntas orthu thuas.

Tháinig méadú de €11.5m go dtí €28.7m ar leibhéal foriomlán na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí. Baineann an chuid is mó den mhéadú sin le méadú de €6.8m do dheontas caipitil infhála ón ÚAO, deontas infhála de €1.7m ón ÚAO, sócmhainn phinsin chistithe de €1.7m, agus ioncam fabhráithe de €0.95m in IReL. Tá breac-chuntas agus míniú ar na gluaiseachtaí iomlána i dTábla 2 thíos.

	2019/20 €'000	2018/19 €'000	Athraitheas €'000	Céatadán	Míniú
Tionscadail Infhála	3,562	3,787	(225)	(6%)	Laghdú ar thionscadail atá curtha i gcrích agus a bhfuil íocaíochtaí ar feitheamh ina leith
Cuntais Infhála	2,490	2,574	(84)	(3%)	Uainiú fáltas - gan a bheith suntasach
Réamhíocaíochtaí	5,140	4,244	896	21%	Méadú ar réamhíocaíochtaí IReL de bharr gníomhaíochtaí breise agus íocaíocht de €0.5m le soláthraí amháin i mí Mheán Fómhair 20, a íocadh i mí Dheireadh Fómhair 19 an bhliain roimhe sin.
Iasachtaí Tithíochta Foirne	14	16	(2)	(19%)	Gan a bheith suntasach
Féichiúnaithe Eile	1,799	848	951	112%	Méadú ar ioncam fabhráithe do thionscadal IReL
Deontas Athfhillteach Stáit-Covid 19	1,729	-	1,729	100%	Deontas breise a fuarthas i ndiaidh dheireadh na bliana agus a bhain le costais Covid 19
Deontas Caipitil Stáit	11,955	5,374	6,581	122%	Mar gheall ar uainiú fáltas caipitil ón ÚAO maidir leis an Tionscadal Teagaisc, Foghlama agus Nuálaíochta
Táillí Acadúla Infhála	196	393	(197)	(50%)	Méadú sa soláthar do dhrochfhiach mar sciar den fhiach atá le híoc
Pinsean Cistithe	1,568	-	1,568	100%	Lacáiste aon-uaire agus íocaíochtaí míosúla leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) don scéim aonair agus ró-íocaíochtaí pinsinéara os cionn ranníocaíochtaí EE agus ER
Iomlán	28,453	17,236	11,217		

Tábla 2: Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí amhail ar an 30.9.2020 vs 30.9.2019

Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

Le linn na bliana, bhí gluaiseacht de €3m sa chuntas rialaithe pinsean, ó dhliteanas de €1.595m go sócmhainn de €1.568m. Déantar ranníocaíochtaí uile na bhfostaithe agus an fhostóra a thaifeadadh sa chuntas rialaithe pinsean chomh maith leis na costais a bhaineann le riar na scéimeanna.

Tharla an ghluaiseacht le linn na bliana mar gheall ar íocaíocht aon-uair le DPER i mí na Nollag 19 i dtaca le ranníocaíochtaí carntha an fhostóra don Scéim Aonair, an t-aistriú chuig íocaíochtaí míosúla i leith ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhostóra le DPER maidir leis an Scéim Aonair agus ró-íocaíochtaí sa bhreis ar ranníocaíochtaí don Scéim Dúnta agus don Scéim Eiseamláireach. Is ionann an t-infháltas agus suimeanna a bhí dlite ón ÚAO ar an 30 Meán Fómhair 2020 chun íocaíochtaí leanúnacha pinsinéara a chistiú.

Tháinig méadú de €8.4m go dtí €65.6m ar leibhéal foriomlán na gcreidiúnaithe agus na bhfabhrúithe (2019: €57.3m). Baineann an chuid is mó den mhéadú sin le €3.9m i ndeontais stáit a fuarthas roimh ré, deontais taighde de €2m a fuarthas roimh ré, méadú de €2.1m agus €1.7m i bhfabhrúithe agus i gcreidiúnaithe trádála faoi seach. Tá sé sin á fhritháireamh trí laghdú de €1.5m sa dliteanas pinsin. Tá breac-chuntas agus míniú ar na gluaiseachtaí iomlána i dTábla 3 thíos.

	2019/20 €'000	2018/19 €'000	Athraitheas €'000	Céatadán	Míniú
Deontais Taighde agus Tionscadal nár caitheadh	18,254	16,239	2,015	12%	Cistiú curtha ar fáil do thionscadail nua SFI agus AE, déanfar caiteachas gaolmhar a thabht in 2020/21
Glan-Dlitéanas Pinsin	-	1,595	(1,595)	(100%)	Féach thuas- pinsean cistithe
Ioncam Iarchurtha	8,068	7,334	734	10%	Cistiú a fuarthas roimh ré do thionscadail ar leith - Erasmus
Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré	15,849	16,557	(708)	(4%)	Laghdú ar íocaíochtaí i leith mic léinn idirnáisiúnta roimh mhí Dheireadh Fómhair 20
Creidiúnaithe Trádála	4,721	3,036	1,685	55%	Uainiú íocaíochtaí, méadú ar thacaíocht don líonra ríomhaireachta agus ar sholáthraithe crua-earraí
Fabhrúithe	5,877	3,785	2,092	55%	Méadú ar fhabhrúithe Choláiste Phádraig Má Nuad (SPCM) agus caipitil.
Iasachtaí Neamhurráithe	3,822	3,838	(16)	(0.4%)	Aisíocaíocht iasacht BEI - gan aon ghluaiseacht shuntasach
Deontas Stáit Roimh Ré	4,893	984	3,909	397%	Uainiú fháltais airgid an ÚAO
Creidiúnaithe Eile	1,112	1,230	(118)	(9%)	Uainiú íocaíochtaí cnapshuime pinsin
Dlitéanas i leith Léas Gearrthéarmach	58	57	1	2%	Gné ghearrthéarmach an léasa nua airgeadais- gan aon ghluaiseacht shuntasach
Cáin eile agus Slándáil Shóisialach	3,012	2,597	415	16%	Méadú €0.4m ar CBL agus ar dhliteanas RCT
Iomlán	65,666	57,252	8,414		

Tábla 3: Féichiúnaithe agus Fabhrúithe amhail ar an 30.9.2020 v 30.9.2019

2. Pinsin

Ar an 31 Nollaig 2009 aistríodh sócmhainní Phlean Pinsin Ollscoil Mhá Nuad chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean. Ar an mbunús go n-íocfaidh an tOireachtas aon easnamh a bheidh ann chun freastal ar dhualgaí na hOllscoile íoc as sochair phinsin na Scéime Dúnta agus go maoineofar dliteanais phinsin na Scéime Eiseamláirí agus na Scéime Aonair sa todhchaí ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a sholáthróidh an tÚdarás um Ard-Oideachas don Ollscoil chuige sin, tá sé molta agam don Údarás Ceannais gur chóir sócmhainn atá cothrom lenár ndlitéanais phinsin faoi mar a áiríodh iad ar mhaithe le tuairisciú FRS102 a chur san áireamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais amhail ar an 30 Meán Fómhair 2020. Is é an dliteanas pinsin foriomlán ná €577m (2019: €573m). Tá €141.2m den mhéid sin (2018: €131.6m) inchurtha i leith na Scéime Eiseamláirí agus tá €17.2m de (2019: €12.9m) inchurtha i leith na Scéime Aonair. Bunaíodh an Scéim Eiseamláireach mar scéim íoc-mar-a-úsáidtear ar threoracha ón Údarás um Ard-Oideachas. Scaipeadh an treoir i litir chuig Ollscoil a raibh scéimeanna pinsean cistithe acu ar an 29 Samhain 2004.

Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

Ní ráthaíonn an comhfhreagras go sonrach íocaíochtaí pinsean neamhspleách ar chistiú Ollscoile a bheidh le fáil sna blianta amach anseo. Mar sin féin, creidim le fírinne go soláthraíonn an ghnáthchuntasaíocht aoisliúntais do chomhlachtaí poiblí ráthaíocht.

Is í an Scéim Aonair an t-aon scéim pinsin do bhaill foirne nua (nua sa tseirbhís phoiblí) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2013. Tagraítear don scéim seo uaireanta mar Scéim Mheán na Gairme. Léirigh comhfhreagras a fuarthas ón UÁO, dar dáta an 31 Lúnasa 2016 go measfar gur scéim íoc-mar-a-úsáidtear a bheidh sa Scéim Aonair gan aon Ranníocaíocht Fostóra don fhoireann bhunchistithe. Chun a bheith comhsheasmhach leis an gcaoi a gcaitear leis an dá scéim pinsin eile, caitheann an Ollscoil leis an Scéim Aonair mar scéim chistithe ar mhaithe le sócmhainní agus dliteanais phinsin a aithint.

Léiríonn an cur chuige cuntasaíochta atá molta agam na ráthaíochtaí iarbhrí agus de facto Stáit atá ann i leith dliteanais phinsin ag Ollscoil Mhá Nuad ar an 30 Meán Fómhair 2020. Tugtar tuilleadh sonraí faoi Nóta 21 (leathanaigh 46 - 49). Tabharfaidh léitheoirí na gcuntas seo faoi deara gur tharraing iniúchóirí na hOllscoile aird ar an gcur chuige seo gan a dtuairim a cháiliú (leathanaigh 25 - 27).

3. An Todhchaí

Luaigh mé an bhliain seo caite go bhfuil Ollscoil Mhá Nuad feasach ar an gcostas a bhaineann le hoideachas treasach in Éirinn agus an costas sin ag ardú agus ar na dúshláin a chuireann sé sin roimh theaghlaigh agus roimh mhic léinn - ó thaobh costas rochtana de agus ó thaobh torthaí gairme ó thuilleamh ar feadh an tsaoil. Chinn Ollscoil Mhá Nuad gan costas an lóistín do mhic léinn ar an gcampas a ardú do 2021 - 22. Tá sé sin á dhéanamh chun na deacrachtaí breise atá ag cur as do mhórán teaghlach mar thoradh ar Covid-19 a léiriú.

Athrú treo don Ollscoil i mí Mheán Fómhair 2019 ba ea 299 mac léinn céad bhliana in Ollscoil Fuzhou a chlárú i gColáiste Idirnáisiúnta Oideachais Mhá Nuad (MIEC) chun dul i mbun staidéir do chéimeanna san Innealtóireacht agus sa Ríomheolaíocht sa tSín. I mí Mheán Fómhair 2020, bhí tuairim is 600 mac léinn cláraithe agus táthar ag súil go dtiocfaidh fás ar MIEC go dtí 1,200 mac léinn sa dá bhliain seo amach romhainn. Tá an t-ioncam táillí gaolmhar a thuill an Ollscoil ó mhic léinn an MIEC san áireamh in ioncam táillí ó fhochéimithe i nóta 3 de na ráitis airgeadais. D'íoc an Ollscoil cáin chorparáideach sa tSín ar an ioncam táillí a tuilleadh agus b'ionann agus €58k an dliteanas iomlán maidir le cáin chorparáideach na Síne in 2019/20 agus déantar é sin a nochtaidh i nóta 8.

Agus é seo á scríobh tá an tír faoi chuing ag Covid-19 go fóill. Tá Feidhmeannacht na hOllscoile ag leanúint ar aghaidh ag breithniú thionchar an víris ar an Ollscoil agus ag cinneadh an bhfuil aon cheisteanna a bhaineann le gnóthas leantach nach mór a fhógairt don Údarás Ceannais. Tá sreabhadh airgid na hOllscoile láidir i gcónaí agus tá gach cosúlacht ann go gcomhlíonfaidh an Ollscoil a cuid oibleagáidí de réir mar a bhíonn siad dlite. Cuirfidh mé in iúl don Údarás Ceannais gur ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais agus gnóthas leantach mar choincheap iontu agus go ndearna Feidhmeannacht na hOllscoile é sin a bhreithniú agus gur measadh é sin a bheith iomchuí.

Is í seo an ócáid deiridh a mbeidh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla á gcur i láthair agus an tOllamh Philip Nolan i gceannas ar an Ollscoil. Beidh an tOllamh Nolan ag éirí as oifig ag meán oíche ar an 14 Lúnasa 2021. Le linn a thréimhse deich mbliana mar Uachtarán, tháinig méadú suntasach ar líon na mac léinn, tugadh isteach curaclam nua bríomhar d'fhochéimithe, díriodh as an nua ar staidéar iarchéime agus tháinig fás mór ar scoláireachtaí iarchéime agus cuireadh athrú ó bhonn ar champas na hOllscoile nuair a cuireadh Foirgneamh Eolas, Scoil an Oideachais agus Foirgneamh na Teicneolaíochta, na Sochaí agus na Nuálaíochta (atá á fhorbairt) leis. Tá an rath a bhí ar an bPlean Straitéiseach 2012-2017, chomh maith leis na comharthaí ratha atá le feiceáil sa Phlean Straitéiseach 2018-2022 mar léiriú ar an bhfís agus ar an gceannaireacht a chuir an tOllamh Nolan ar fáil don Ollscoil.

4. Conclúid

Rinne an Ollscoil a cuid gnóthaí a bhainistiú go maith arís eile in 2019/20. Leanfaimid de bheith ag bainistiú an bhoinn costais atá againn sna cúinsí deacra airgeadais atá ann faoi láthair. Tugaim aitheantas don fheabhas atá tagtha ar mhaoiniú poiblí don ardoideachas ach tá gá i bhfad níos mó fós a dhéanamh. Féadfaidh léitheoirí a bheith muiníneach go bhfuil an Ollscoil dírithe i gcónaí ar a croíghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde, ar a caighdeán acadúla, ar cháiliúocht eispéireas na mac léinn agus ar chur chun feidhme a Plean Straitéise do 2018-22.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann i m'óifig as ucht a gcuid iarrachtaí maidir leis na Ráitis Airgeadais seo a chríochnú go pras. Mothaím an-mhórtasach as m'fhoireann agus táim an-bhuíoch as a gcuid iarrachtaí.



An Dr Mike O'Malley
Sparánaí

25 March 2021
Dáta


An Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Ceanglaítear ar an Ollscoil *Acht na nOllscoileanna, 1997* a chomhlíonadh, agus gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas ar airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí a choimeád i gcibé foirm a fhaomhfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas. Agus na Cuntais sin á réiteach, ceanglaítear ar an Ollscoil:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na Ráitis Airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil an bonn sin oiriúnach, agus
- cloí leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon athruithe ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Ollscoil freagrach as taifid chuntais atá imleor a choinneáil, a nochtann, le cruinneas réasúnta, ag am ar bith, Ríocht Airgeadais na hOllscoile agus a chuireann ar a cumas a áirithiú go gcloíonn a cuid Ráiteas Airgeadais le *hAcht na nOllscoileanna, 1997*, FRS102 agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta a bhaineann leis (na ráitis chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe). Chomh maith leis sin, tá an Ollscoil freagrach as a áirithiú go dtugtar faoi ghnó na hOllscoile ar bhealach ceart agus rialta agus as gach sócmhainn a chosaint atá faoina rialú oibríochtúil agus dá réir sin bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Arna shíniú thar ceann an Údaráis Ceannais an 25 Márta 2021.



An tOllamh Philip Nolan
Uachtarán



An Dr Mike O'Malley
Sparánaí

An Ráiteas ar Rialachas

1. Rialachas

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta d'fheidhmiú an dea-chleachtais i ngach gné den rialachas corparáideach. Déanann an achoimre seo cur síos ar an mbealach inar chuir an Ollscoil i bhfeidhm na prionsabail atá leagtha amach sa doiciméad “Cód Rialachas d'Ollscoileanna na hÉireann 2019” (cód 2019) a comhaontaíodh idir Cumann Ollscoileanna Éireann agus an tÚdarás um Ard-Oideachas agus ar ghlac Údarás Ceannais Ollscoil Mhá Nuad leo i mí Feabhra 2019. De bharr an chóid 2019 seo beidh an tuairisciú ar rialachas agus ar rialú inmheánach laistigh de na hOllscoileanna ag teacht le Cód na gComhlachtaí Stáit 2016 a oiread agus is féidir. Is é atá mar chuspóir leis an Ráiteas Rialachais seo ná cabhrú le léitheoir na Ráiteas Airgeadais tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar cuireadh na prionsabail i bhfeidhm agus tuiscint níos soiléire a fháil ar struchtúr rialachais agus dlíthiúl na hOllscoile.

2. Socrú Buiséid

Feidhmíonn an Ollscoil córas rialaithe buiséid déabhlóidithe ina leithdháiltear buiséid ar mhaithe le cuspóirí athfhillteacha agus caipitil ar shealbhóirí aonair buiséid agus bítear ag súil go bhfeidhmeoidh siad agus go ndéanfaidh siad soláthar laistigh den bhuiséid sin. Tá córas dian maidir le rialú buiséid i bhfeidhm, agus déantar anailís rialta athraithe in aghaidh buiséid. I mí Eanáir gach bliain réachtáiltear beart pleanála foirne, áit a ndéanann cinn roinne cás le haghaidh acmhainní breise ina gcuid ranna. Ag an am céanna, déanann fochoiste d'Fheidhmeannacht na hOllscoile, a bhfuil an tUachtarán mar chathaoirleach air, meastachán ar an ioncam breise a shaothróidh an Ollscoil agus dá réir sin a cumas foriomlán acmhainní breise a fhostú. Déantar cinntí ina dhiaidh sin agus cruthaítear píblíne earcaíochta. Ina dhiaidh sin, déanann an rannóg Airgeadais foráil bhuiséid do na hacmhainní breise sin agus feidhm á baint aici as foshuíomhanna maidir le dátaí tosaithe, pointí ar an scála agus spáráil airgid i dtaca le pá ócáideach á fhritháireamh. Déanann comhpháirtithe gnó san Oifig Airgeadais athbhreithniú ar ioncam agus ar chaiteachas iarbhair in aghaidh an bhuiséid sna ranna acadúla agus sna ranna neamhacadúla ar bhonn rialta, agus cuirtear aon athraitheas ábhartha in iúl do Sparánaí. Más gá agus más cuí sin a dhéanamh, cuirtear Feidhmeannacht na hOllscoile agus struchtúr rialachais na hOllscoile ar an eolas faoi athraitheas. I ngach cás, déantar beart ceartaitheach chun buiséid a choigeartú, caiteachas a athphróifiliú, nó díreann ar shábháil airgid in áiteanna eile chun spriocanna foriomlána buiséidacha na hOllscoile a bhaint amach.

Réitítear buiséid trí shonraí córais a úsáid atá asbhainte ag Oifig an Sparánaí agus foshuíomhanna agus réamhaisnéisí iomchuí. Glacann an tÚdarás Ceannais le buiséid oibre, de ghnáth i mí Mheán Fómhair, roimh thús na bliana airgeadais. Déantar an buiséid oibre seo a nuashonrú nuair a bhíonn toradh ar phróiseas dailte Dheontais Athfhillteacha Bhliantúla an Údarais um Ard-Oideachas. Cuirtear buiséid leasaithe faoi bhráid an Údarais Ceannais i mí Feabhra nó i mí Aibreáin gach bliain. Coimeádann an Sparánaí an tÚdarás Ceannais ar an eolas maidir le hathraitheas ábhartha ón mbuiséid ag cruinnithe eile.

In 2019/2020, mar thoradh ar an tionchar a bhí ag Covid-19 ar airgeadas na hOllscoile, cuireadh buiséid leasaithe don bhliain reatha agus réamhaisnéisí do 2020/21 i láthair an Údarais Ceannais lena n-athbhreithniú agus lena gceadú i mí an Meithimh 2020, i mí Mheán Fómhair 2020, i mí na Nollag 2020 (an t-olltoradh iarbhair do 2019/20 agus buiséid nuashonraithe do 2020/21) agus i mí an Mhárta 2021 (olltoradh iniúchta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste do 2019/20 agus buiséid leasaithe do 2020/21).

3. Léargas Fírinneach Cóir

D'aithin an tÚdarás Ceannais go bhfuil sé freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú i bhformáid Ráiteas Comhdhlúite Airgeadais. Deimhníonn an tÚdarás Ceannais go measann siad go dtugann na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais na hOllscoile agus ar a Suíomh Airgeadais ar dháta an chláir chomhordaithe, an 30 Meán Fómhair, 2020.

4. Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Údarais Ceannais:

I mí Feabhra 2018, rinneadh Crowe (Crowe Horwath roimhe seo) a choimisiúnú chun athbhreithniú foirmiúil seachtrach a dhéanamh ar an tÚdarás Ceannais agus ar a chuid feidhmíochta (lena n-áirítear feidhmíocht Choistí an Údarais Ceannais). Ghlac an tÚdarás Ceannais leis an tuarascáil deiridh i mí na Nollag 2018. Ina measúnú foriomlán ar an tÚdarás Ceannais, chinn na sainchomhairleoirí, “go raibh an tÚdarás Ceannais á réachtáil go maith agus á bhainistiú go héifeachtach”. Bunaíodh an Séú hÚdarás Ceannais i ndeireadh na bliana in 2019 agus tabharfaidh sé faoi fhéinmheasúnú bliantúil ar a chuid éifeachtachta agus ar éifeachtacht a chuid coistí, chomh maith le hathbhreithniú seachtrach ar a chuid feidhmíochta leathbhealach trína théarma in 2022/23. Cuirfear an chead fhéinmheasúnú i gcrích idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2021 trí cheistneoir a forbraíodh chun na críche sin.

5. An tÚdarás Ceannais

Is é Údarás Ceannais Ollscoil Mhá Nuad an príomheintiteas rialachais agus cinnteoireachta laistigh den Ollscoil. Faoi *Acht na nOllscoileanna, 1997*, “is é a húdarás ceannais a dhéanfaidh feidhmeanna Ollscoile nó déanfar iad faoina threoir” agus “na gníomhartha agus na nithe go léir a dhéanfaidh údarás ceannais, nó a dhéanfar in ainm nó thar ceann na hOllscoile le húdarás sainráite nó intuigthe an údarais ceannais, measfar gurb í an Ollscoil a rinne iad”. Tá an tÚdarás Ceannais freagrach as comhlíonadh na ndualgas reachtúil a bhaineann leis an Ollscoil agus tá sé sásta go bhfuil na dualgais sin á gcomhlíonadh ag an Ollscoil mar atá leagtha amach sa reachtaíocht faoina rialaítear bunú na hOllscoile nó i reachtaíocht ábhartha eile.

An Ráiteas ar Rialachas (ar lean)

D'éirigh an Cúigiú hÚdarás Ceannais ar Ollscoil Mhá Nuad as oifig ar an 29 Deireadh Fómhair 2019 agus tháinig na Séú Údarás Ceannais ina ionad. Tá comhaltas an séú hÚdarás Ceannais ar Ollscoil Mhá Nuad comhdhéanta de 33 comhalta agus tá sé chomh hilghnéitheach agus chomh hionadaíoch agus is féidir ag teacht le forálacha *Acht na nOllscoileanna, 1997*. Agus é seo á scríobh, tá dhá fholúntas ar an Údarás Ceannais, comhalta amháin faoi Alt 16(3)(a) agus comhalta amháin faoi Alt 16(4)(a).

Ceaptar na comhaltaí ó lasmuigh den Ollscoil (17 gcomhalta neamhspleácha) agus ó laistigh den Ollscoil (12 bhall foirne agus ceathrar mac léinn). Faoi Alt 34 d'*Acht na nOllscoileanna, 1997* déanfaidh an tÚdarás Ceannais plean straitéiseach na hOllscoile a cheadú agus áiritheoidh sé go seolfar cóip den Phlean Straitéiseach chuig an Aire Oideachais agus Scileanna agus chuig an Údarás um Ard-Oideachas. Chuir an tUachtarán Plean Straitéiseach don tréimhse 2018 go dtí 2022 i láthair agus cheadaigh an tÚdarás Ceannais é lena fhoilsiú i mí an Mheithimh 2018. Sheol an tAire Stáit don Ard-Oideachas an Plean go foirmiúil i mí Dheireadh Fómhair 2018. Is féidir teacht ar "*Phlean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018 – 2022*" ag www.maynoothuniversity.ie nó tá sé ar fáil ach iarratas a dhéanamh chuig Governing.Authority@mu.ie.

Feidhmíonn Ollscoil Mhá Nuad i gcomhréir le *hAcht na nOllscoileanna, 1997*, agus déantar cruinnithe an Údaráis Ceannais a thionól i gcomhréir leis na Buan-Orduithe a comhaontaíodh (arna leasú i mí an Mhárta 2021). Glacadh le Reachtanna Ollscoile den chéad uair sa bhliain 2000 agus leasaíodh iad in 2006 agus arís in 2019 (Reacht 6 'Comhairle Acadúil'). Go foirmiúil, tá an tÚdarás Ceannais freagrach as glacadh le Plean Straitéiseach na hOllscoile, polasaithe maidir le cáilíocht, polasaithe maidir le combhionannas, an córas a bhaineann le rialú inmheánach, na táillí a ghearrfar ar mhic léinn, ceadú buiséad, glacadh leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla, riar agus rialú maoine, ceapadh Uachtarán na hOllscoile agus feidhmeanna eile a fhorchuirtear le reachtaíocht agus leis an *gCód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann 2019*. Déanann sé faireachán ar an Ollscoil trí thuairisc a fháil ón Uachtarán ag gach cruinniú, ar tuairisc í ina dtugann an tUachtarán breac-chuntas ar na nithe suntasacha go léir atá ag tarlú san Ollscoil agus conas atá an Ollscoil ag dul i ngleic le ceisteanna éagsúla. Tugtar páipéir faoi leith chuig an Údarás Ceannais nuair a iarrtar ar an Údarás Ceannais cinntí iarbhrí a dhéanamh. Tá Sceideal Ábhar atá Forchoimeádta lena gCinneadh ag an Údarás Ceannais comhaontaithe.

Feidhmíonn Sparánaí agus Rúnaí na hOllscoile mar Rúnaí ar an Údarás Rialaithe.

Tá sé Bhuanchoiste bunaithe ag an Údarás Ceannais a bhfuil téarmaí tagartha scríofa acu agus comhaltas sonraithe lena n-áirítear comhaltaí neamhspleácha. Déantar plé ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca faoi 6 thíos. Tá cur síos ar na cúig cinn de Choistí eile anseo.

Tá freagrachtaí maoirseachta ar **Choiste Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Forbartha** Ollscoil Mhá Nuad sna réimsí a bhaineann le pleanáil oibríochtúil agus buiséadú, struchtúr táillí, soláthar, bainistiú sócmhainní, forbairt an champais, acmhainní daonna, agus úsáid shéala na hOllscoile. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith na bliana. Ba é an tUachtarán a bhí in chathaoirleach ar an gCoiste agus d'fheidhmigh an Sparánaí mar Rúnaí ar an gCoiste. Ag cruinniú den Údarás Ceannais a tionóladh i mí na Nollag 2020, cinneadh go gceapfaí Maura Moore, Uasal, mar Chathaoirleach Neamhspleách ar an gCoiste Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Forbartha.

Ní mór don **Choiste Luacha Saothair** teacht le chéile nuair a bhíonn moladh ag an Uachtarán maidir le himeacht ceadaithe ó na scálaí pá atá faofa. Tá Cathaoirleach an Údaráis Ceannais mar chathaoirleach ar an gCoiste Luacha Saothair. Níor tháinig an Coiste le chéile le linn na bliana.

Tháinig an **Coiste Cáilíochta** le chéile uair amháin le linn na bliana. Bhí an Dr Alison Fitzgerald mar chathaoirleach ar an gCoiste, ionadaí ón bhfoireann acadúil seachas Ollamh A & B ar an Údarás Ceannais agus bhí an Dr Teresa Lee, Stiúrthóir Cáilíochta, ina rúnaí. Tá ról maoirseachta ag an gCoiste Cáilíochta maidir le hoibleagáidí na hOllscoile a chomhlíonadh i leith dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta go himmheánach agus go seachtrach. Is Comhchoiste leis an gComhairle Acadúil é seo.

Tá freagrachtaí maoirseachta ar an **gCoiste Combhionannais, Éagsúlachta, Ionchuimsitheachta agus Idirchultúrachais** sna réimsí a bhaineann le combhionannas inscne, cúiseanna eile le neamh-chombhionannas, gníomhú in aghaidh foinsí leithcheala, ceisteanna cultúrtha agus na ceisteanna thart timpeall ar éagsúlacht foirne agus mac léinn. Ba é an Dr Seamus Taylor a bhí ina chathaoirleach air agus d'fheidhmigh Oifigeach Combhionannais na hOllscoile, Sam Blanckensee, mar Rúnaí ar an gCoiste. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith na bliana. Is Comhchoiste leis an gComhairle Acadúil é seo.

Tháinig Coiste Gaeilge na hOllscoile le chéile faoi dhó le linn na bliana. Déanann an Coiste maoirseacht ar na beartais agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas. Ba é an tOllamh Seán Ó Riain a bhí ina chathaoirleach air, agus ba é an Dr Brian Mac Maghnúis, Oifigeach na Gaeilge, a bhí mar rúnaí. Is Comhchoiste leis an gComhairle Acadúil é seo.

An Ráiteas ar Rialachas (ar lean)

6. Cruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca in Ollscoil Mhá Nuad le chéile seacht n-uaire le linn na bliana. Breithníonn sé tuarascálacha mionsonraithe in éineacht le moltaí chun córas rialaithe inmheánach na hOllscoile a fheabhsú chomh maith le freagairtí agus pleananna feidhmithe na bainistíochta. Tuairiscíonn an Coiste go díreach don Údarás Ceannais agus tá sé d'údarás aige aon fhaisnéis a iarraidh ó Oifig an Sparánaí, ó chomhaltaí d'Fheidhmeannacht na hOllscoile, ó iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ó aon duine eile de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Níl an Sparánaí mar chomhalta den Choiste. Feidhmíonn Vivienne Murray, Uasal, Oifigeach Riaracháin an Údarais Ceannais, mar Rúnaí an Choiste. Cé gur féidir le comhaltaí eile d'Fheidhmeannacht na hOllscoile freastal ar chruinnithe den Choiste ó am go ham ar chuireadh, ní comhaltaí den Choiste iad. Buaileann an Coiste leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha uair sa bhliain astu féin i gcomhair comhráite neamhspleácha faoina gcuid oibre iniúchta agus aon nithe ar mian leis na hiniúcháirí iad a phlé gan pearsanra bainistíochta a bheith i láthair. Le linn 2019/20, bhuail an Coiste le hionadaí sinsearach ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi dhó. Taispeánann Tábla 1 thíos tinreamh chomhaltaí an Choiste ag cruinnithe.

Comhalta den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca	Líon na gCruinnithe a bhfuiltear i dTeideal Freastail Orthu	Líon na gCruinnithe a nDearnadh Freastail Orthu	An Céatadán Freastail
Christine Moran, Uasal, (Cathaoirleach)	7	7	100%
An tUasal Stewart Roche	7	7	100%
Sheila Noonan, Uasal	7	7	100%

Tábla 1. Tinreamh chomhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca le linn 2019/20

Ó dheireadh na bliana, ceapadh beirt nua ar an gCoiste. D'ainmnigh an tAire an tUasal Paul O'Toole le bheith ina chomhalta den Údarás Ceannais i mí Mheán Fómhair 2020 agus cheap an tÚdarás Ceannais ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca é i mí na Nollag 2020. Cheap an tÚdarás Ceannais an tOllamh Fiona Lyddy ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca i mí na Nollag 2020. Tá an tOllamh Lyddy ina chomhalta sinsearach den fhoireann acadúil laistigh den Ollscoil agus níl aon ról feidhmiúcháin aici.

7. An Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus an tUachtarán

Ba í an Banbharún Nuala O'Loan a bhí ina Cathaoirleach ar an gCúigiú hÚdarás Ceannais agus d'éirigh sí as oifig ar an 29 Deireadh Fómhair 2019. Ba é an tUasal Peter Cassells a bhí ina Leas-Chathaoirleach agus d'éirigh seisean as oifig freisin ar an 29 Deireadh Fómhair 2019. Cheap an Séú hÚdarás Ceannais nuabhunaithe an Dr Mary Canning mar Chathaoirleach neamhspleách ag an gcruinniú a bhí aige ar an 16 Nollaig 2019. Toghadh an tUasal Paul O'Toole mar Leas-Chathaoirleach ar an Údarás Ceannais i mí Feabhra 2021. Is é an tOllamh Philip Nolan Uachtarán na hOllscoile

Is í Comhairle Acadúil Ollscoil Mhá Nuad atá mar údarás acadúil ar an Ollscoil agus is ón bhfoireann acadúil, ó mhic léinn agus ó fhoireann sheirbhísí tacaíochta acadúla na hOllscoile a thagann na comhaltaí ar fad atá uirthi. Is é an ról atá aici maoirsiú a dhéanamh ar obair theagaisc agus ar obair thaighde na hOllscoile. Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile sé huaire i rith na bliana.

Is é an tUachtarán príomhoifigeach acadúil agus riaracháin na hOllscoile. Tá sé mar cheangal ar an Uachtarán "an Ollscoil a bhainistiú agus a threorú i dtaca lena cuid gníomhaíochtaí acadúla, riaracháin, airgeadais, pearsanra agus eile agus tá na cumhachtaí atá riachtanach nó caoithiúil chun na gcríoch sin aige nó aici" Gníomhaíonn an tUachtarán "faoi réir cibé beartas a chinneadh an t-údarás ceannais ó am go ham agus beidh sé nó sí freagrach don údarás ceannais as an Ollscoil a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil agus as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí". Dá bhrí sin, tá an tUachtarán freagrach don Údarás Ceannais maidir le héifeachtúlacht agus dea-ord na hOllscoile a choinneáil, lena n-áirítear bainistíocht acadúil, acmhainní daonna agus airgeadais mar atá leagtha síos faoi ailt éagsúla d'Acht na nOllscoileanna 1997-2006. Féadfadh an tUachtarán a ghairm le teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí nó os comhair Coistí eile de Thithe an Oireachtais. Chuaigh an tOllamh Philip Nolan i mbun oifige i mí Lúnasa 2011 ar feadh tréimhse deich mbliana. Tugann foireann Fheidhmeannacht na hOllscoile tacaíocht don Uachtarán. Tá comhaltaí Fheidhmeannacht na hOllscoile mar a bhí ar an 30 Meán Fómhair 2020 leagtha amach i dTábla 2 thíos:

An Ráiteas ar Rialachas (ar lean)

An tOllamh Philip Nolan	Uachtarán
An tOllamh Aidan Mulkeen	Leas-Uachtarán um Chúrsaí Acadúla, Cláraitheoir agus Uachtarán Ionaid
An tOllamh Ray O'Neill	Leas-Uachtarán um Thaighde agus Nuálaíocht
An Dr Mark Maguire	Déan na nEolaíochtaí Sóisialta
An tOllamh Brian Donnellan	Déan na nGnóthaí Idirnáisiúnta agus Leas-Uachtarán ar Rannpháirtíocht Fiontraíochta
An tOllamh Ronan Farrell	Déan na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta
An tOllamh Colin Graham	Déan na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta
An Dr Alison Hood	Déan an Teagaisc agus na Foghlama
Rosaleen McCarthy, Uasal	Stiúrthóir Acmhainní Daonna
An Dr Mike O'Malley	Sparánaí agus Rúnaí
Elizabeth Dunne, Uasal	Leas-Uachtarán Eastáit agus Forbairt Chaipitil
An Dr Gemma Irvine	Leas-Uachtarán Comhionannas agus Éagsúlacht

Tábla 2. Comhaltaí Fheidhmeannacht na hOllscoile 30/09/20

Tagann Feidhmeannacht na hOllscoile le chéile go seachtainiúil chun oibríochtaí na hOllscoile a mhaoirsiú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le gnéithe sonracha de Phlean Straitéiseach na hOllscoile. Faigheann Feidhmeannacht na hOllscoile tuarascálacha ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus riosca agus déanann siad breithniú ar cheisteanna rialála féideartha a thugann meicníochtaí luathrabhaidh chun solais dóibh agus atá leabaithe in aonaid oibríochtúla (lena n-áirítear dámha agus ranna). Le linn 2019/20, tháinig Feidhmeannacht na hOllscoile le chéile 49 uair. Ó mhí Aibreáin go dtí mí Mheán Fómhair 2020, bhí ceisteanna a bhain le Covid-19 mar bhuannmhír ar chlár Fheidhmeannacht na hOllscoile.

8. Cruinnithe agus tinreamh ag an Údarás Ceannais

Tháinig an tÚdarás Rialaithe le chéile cúig uaire i rith na bliana. Tá Comhaltas iomlán an Údaráis Ceannais agus taifead ar a dtinreamh ag cruinnithe le linn na bliana leagtha amach i dTábla 3 thíos.

An Ráiteas ar Rialachas (ar lean)

	Comhalta den Údarás Ceannais	Líon na gCruinnithe a bhfuiltear i dTeideal Freastal orthu	Líon na gCruinnithe a nDearnadh Freastal Orthu	An Céatadán Freastail
Cathaoirleach (1)	An Dr Mary Canning	5	5	100%
Ex Officio (3)	An tOllamh Philip Nolan An tOllamh Aidan Mulkeen An Dr Mike O'Malley	5 5 5	5 5 5	100% 100% 100%
Comhaltaí den fhoireann acadúil atá ina nOllúna nó ina nOllúna Comhlacha (2)	An tOllamh Honor Fagan An tOllamh Paul Moynagh	5 5	5 5	100% 100%
Comhaltaí buana nó lánaimseartha den fhoireann acadúil seachas Ollúna nó Ollúna Comhlacha (4)	An Dr Mercedes Carbayo-Abengózar An Dr Alison Fitzgerald An Dr David Malone An Dr Seamus Taylor	5 5 5 5	5 5 5 5	100% 100% 100% 100%
Fostaithe buana nó lánaimseartha de chuid na hOllscoile nach bhfuil ar an bhfoireann acadúil (2)	An tUasal Paul Clear Joan O'Riordan Bruton, Uasal	5 5	5 5	100% 100%
Oifigigh tofa ó Aontas na Mac Léinn (3)	Katie Deegan, Uasal An tUasal Ciaran Watts (2ú téarma) An tUasal Michael Butler An tUasal Julian Nagi (a tháinig in ionad Michael Butler i mí Mheán Fómhair 2020) Kelly Rennick, Uasal (a tháinig in ionad Katie Deegan i mí Mheán Fómhair 2020)	4 5 4 1 1	4 5 3 1 1	100% 100% 75% 100% 100%
Mac Léinn iarchéime (1)	Rebecca Kavanagh, Uasal	5	5	100%
Ainmní Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) (1)	Christine Moran, Uasal	5	5	100%
Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) (1)	Sheila Nunan, Uasal	5	5	100%
Comhlachais Tráchtála na hÉireann (1)	Folamh			
Ainmnithe Iontaobhaithe Choláiste Phádraig (3)	An Dr Dermot Lane An tOllamh Oirmhinneach Michael Mullaney Clare Ryan, Uasal	5 5 5	5 5 4	100% 100% 80%
Céimithe na hOllscoile (3)	Geraldine Delaney, Uasal An tUasal Peter Finnegan An Dr Michael F. Ryan	5 5 5	4 5 4	80% 100% 80%
Ainmnithe Sheanad Ollscoil na hÉireann (2)	An tOllamh Marian Lyons An tUasal James Doorley	5 5	5 5	100% 100%
Ainmnithe an Aire (3)	Maura Moore, Uasal An tUasal Paul O'Toole Darina Colhoun, Uasal -arna ceapadh ar an 16 Nollaig 2020.	1 1	1 1	100% 100%
Comhaltaí seachtracha eile (3)	Folamh Folamh Folamh			

Tábla 3. Comhaltas agus iad siúd a d'fhreastail ar chruinnithe an Údaráis Ceannais do 2019/20 Ó dheireadh na bliana ceapadh beirt chomhaltaí seachtracha ar an Údarás Ceannais, Sarah Searson, Uasal, agus an tUasal Eugene Magee. Tá an tUasal Magee ag filladh ar an Údarás Ceannais don dara téarma.

An Ráiteas ar Rialachas (ar lean)

9. **Próisis chun Rioscaí Eagraíochtúla a Shainaithint agus chun a nImpleachtaí Airgeadais a Mheas**

Tugtar faoi phróiseas foirmiúil ar bhonn rialta chun rioscaí a shainaithint, a mheas agus a mhaolú. Ba é seo an leanas an próiseas a leanadh le linn 2019/20: rinne fochoiste de chuid Fheidhmeannacht na hOllscoile an Clár Rioscaí a athbhreithniú agus a nuashonrú tar éis dul i mbun comhairliúcháin cuí leis an Ollscoil, agus ansin cuireadh an Clár Rioscaí faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca sular cuireadh faoi bhráid an Údarás Ceannais é i mí an Mhárta 2020. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca maoirseacht ar an bpróiseas bainistíochta riosca. Tá an Rúnaí mar fheighlí ar an gClár Rioscaí agus déanann sé faireachán ar ghluaiseachtaí le linn na bliana. Déantar aird Fheidhmeannacht na hOllscoile agus, an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, nuair is cuí, a dhíriú ar aon athrú suntasach ar riosca nó ar aon riosca nua. Is ann do nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí i gcás cinnntí suntasacha gnó. Orthu siúd tá malairtí a scrúdú (lena n-áirítear gan dada a dhéanamh), bainistíocht thionscnaimh an tionscadail a bhreithniú, faisnéis a bhailiú faoi na comhpháirtithe gnó atá bainteach leis, na réamh-mheastacháin a cheistiú agus taifeadadh agus faireachán a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas. Rinneadh Clár Rioscaí 2019 a athbhreithniú agus a nuashonrú le linn na bliana agus tugadh chun críche é i mí na Samhna 2019. Déantar na rioscaí a chatagóiriú in 16 ghrúpa éagsúla chun na spriocanna i bPlean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018-2022 a léiriú. Moladh in athbhreithnithe Rialachais go neartódh an Ollscoil a polasaí agus a próisis i leith bainistíochta riosca agus rachaidh Feidhmeannacht na hOllscoile ina bhun sin in 2021. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2020 (mar shampla, thug an ARC isteach buanmhír ar a chlár maidir le riosca agus bainistiú riosca; rinne an ARC athbhreithniú ar chlár rioscaí a bhain le tionscadail chaipitil le linn na bliana; thug an Ollscoil isteach acmhainn chun a polasaithe rialachais, a nósanna imeachta agus doiciméid tacaíochta a fhorbairt le linn na bliana agus tá an obair sin ar siúl go fóill) agus tá tuilleadh feabhsuithe beartaithe do 2021 (mar shampla, glacadh le polasaí i leith Bainistíochta Riosca, Clár Rioscaí Fiontar a fhoilsiú agus Polasaí um Údarás Síntithe a fhorbairt).

Cuireadh roinnt iniúchtaí i gcrích ar rialú an chaiteachais taighde ar iarratas ó na gníomhaireachtaí cistithe. Cuirtear clár d'iniúchtaí den chineál sin i láthair an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus díreann a n-aird ar cheisteanna ábhartha chun críocha eolais.

Tugann cruinnithe d'Fheidhmeannacht na hOllscoile, faoi mar a chuirtear síos orthu thuas, aghaidh ar cheisteanna leanúnacha agus ar fheidhmiú na spriocanna atá i bPlean Straitéiseach na hOllscoile. Tugtar aghaidh ar cheisteanna rialaithe a thagann chun cinn agus ar athruithe ar an bpróifíl riosca ag na cruinnithe sin. Glactar miontuairiscí na gcruinnithe agus tá siad ar fáil don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus do na hIniúcháirí Inmheánacha.

Baineann rithabhacht le cáilíocht don Ollscoil agus is é an Stiúthóir Straitéise agus Cáilíochta atá freagrach as an bhfeidhm sin. Déantar athbhreithniú seachtrach ar Ranna Acadúla ar bhonn timthriallach, i dtimthriall seacht mbliana de ghnáth. Leanann na haonaid riaracháin agus tacaíochta timthriall den chineál céanna. Cuirtear an tUachtarán ar an eolas maidir leis na torthaí. Chomh maith leis sin, cuireann siad leis an bpróiseas bliantúil um shocrú buiséid, más gá. Le linn na bliana airgeadais 2018/19, bhí an Ollscoil faoi réir Athbhreithniú Institiúideach CINNTE faoi choimirce QQI chun próisis na hOllscoile i leith dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta a mheasúnú go seachtrach. San áireamh sa phróiseas bhí féinmheasúnú forleathan ar na próisis i leith cáilíochta agus i leith próisis cháilíochta agus cuairt suímh ó Phainéal Athbhreithnithe saineolaíoch. D'eisigh an Painéal Athbhreithnithe tuairisc i mí Iúil 2019, inar tugadh moladh don Ollscoil as a cuid straitéise agus as cáilíocht a cuid taighde, a cuid teagaisc agus as a cuid gníomhaíochtaí tacaíochta, agus cinneadh go raibh an Ollscoil ag cloí le Caighdeáin agus Treoirínte Eorpacha i dtaca le Dearbhú Cáilíochta, agus rinneadh moltaí i gcomhair feabhsú. D'ullmhaigh an Ollscoil plean gníomhaíochta mar fhreagairt do na moltaí sin agus thug an tÚdarás Ceannais dá n-aire é i mí Mheán Fómhair 2019. Fuair an tÚdarás Ceannais uasdátú eile ar dhul chun cinn i mí Mheán Fómhair 2020.

10. **Luach ar Airgead**

Chomh fada agus a chreideann agus is eol d'Ollscoil Mhá Nuad, lean sí na treoirínte maidir le luach ar airgead a fháil i dtaca le caiteachas poiblí de réir mar a leagadh amach i gCód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

11. **Athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste)**

Deimhnímid go ndearna an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar na Ráitis ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh agus go dtugtar aghaidh orthu ina thuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

12. **Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta**

Deimhnímid gur cuireadh na Dréachtráitis Airgeadais neamhiniúchta faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí na Nollag 2020.

13. **Foilsíú**

Deimhnímid go gcuireann Ollscoil Mhá Nuad na Ráitis Airgeadais iniúchta deiridh a comhaontaíodh faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna laistigh de mhí amháin ón uair a chuirtear i gcrích iad lena gcur os comhair Thithe an

An Ráiteas ar Rialachas (ar lean)

Oireachtais. Ina theannta sin, deimhnímid go bhfoilsíonn Ollscoil Mhá Nuad na Ráitis Airgeadais ar a suíomh gréasáin féin laistigh de mhí amháin ón uair a chuirtear an t-iniúchadh i gcrích.

14. Na Ráitis a chur faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachais

Deimhnímid go gcuirtear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla faoi bhráid an ÚAO laistigh de mhí amháin ón uair a chuirtear i gcrích iad.

15. Táillí agus Speansais

Deimhnímid go bhfuil aon táillí agus/nó aon chostais a íoctar le comhaltaí an Údaráis Ceannais i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Airgeadais agus go gcuirtear i láthair iad i dTuarascáil Bhliantúil na hOllscoile. Faigheann an Cathaoirleach luach saothair arb ionann é agus €20,520 in aghaidh na bliana i gcomhréir le hAlt 17(5) *d'Acht na nOllscoileanna, 1997*. Sin an tsuim a cheadaigh an ÚAO i gcomhfhreagras i mí Eanáir 2020. Níor íocadh aon chostais le comhaltaí seachtracha le linn na bliana maidir le gnó an Údaráis Ceannais.

B'ionann agus €196,644 an tuarastal a íocadh le an Uachtarán do 2019/20 i gcomhréir leis an litir cheadaithe a fuarthas i mí Feabhra 2011.

16. Costais Sainchomhairleoirí (gan táillí ailtirí agus táillí foirne deartha maidir le tionscadail chaipitil a sholáthar san áireamh)

Tá anailís iomlán ar chostais sainchomhairleoirí leagtha amach faoi Nóta 11 "Anailís ar Chaiteachas Iomlán" ar leathanach 40 de na Ráitis Airgeadais. B'ionann agus €2.2m an méid iomlán a íocadh (2018/19-€2.2m).

17. Sochair Fostaí

Tá anailís iomlán ar chostais foirne agus ar an líon foirne leagtha amach faoi Nóta 9 "Costais Foirne" ar leathanach 39 de na Ráitis Airgeadais.

Deimhníonn an tÚdarás Ceannais go gcloíonn an Ollscoil agus a cuid fochuideachtaí leis na treoirlínte um pá poiblí, leis na scálaí tuarastail don fhoireann acadúil agus don fhoireann riaracháin arna gceadú ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus leis an gCreat um Imeacht ó na Leibhéil Luach Saothair atá Ceadaithe agus a comhaontaíodh leis an Údarás um Ard-Oideachas i gcomhréir le hAlt 25 *d'Acht na nOllscoileanna, 1997*. Chloígh an Ollscoil go hiomlán leis an teorainn phá don earnáil phoiblí le linn na bliana. Maidir le scálaí tuarastail do thaighdeoirí, aithníonn an Ollscoil nach ann d'aon scálaí ceadaithe pá faoi Alt 25. I dtaca leis an bhfoireann taighde, d'fheidhmigh Feidhmeannacht na hOllscoile sraith de scálaí atá comhsheasmhach leis na scálaí acadúla ceadaithe agus leis na scálaí do thaighdeoirí agus leis an gcreat do ghairmeacha taighde a chomhaontaigh Cumann Ollscoileanna Éireann ar fud na seacht gcinn d'Ollscoileanna, ag aithint nach bhfuil na scálaí tuarastail do thaighdeoirí ceadaithe go foirmiúil ag an Aire. Mar sin féin, úsáidtear na scálaí seo chun buiséid a shocrú i dtograí taighde agus, nuair a bhronntar cistiú taighde, úsáidtear na scálaí seo chun taighdeoirí a earcú agus a íoc. Aithníonn gníomhaireachtaí cistithe taighde an Stáit mar an tÚdarás um Ard-Oideachas agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann na scálaí sin chun críocha buiséid. Faigheann líon beag den fhoireann riaracháin íocaíocht i leith teagaisc le cois a bpríomhthuarastail. Déantar an teagasc sna tráthnónta, nó oibríonn an comhalta foirne uaireanta breise chun seachtain iomlán oibre a dheanamh suas áit a ndéantar teagasc den sórt le linn gnáthuaireanta oibre. Cheadaigh an ÚAO na híocaíochtaí sin i mí na Samhna 2017.

18. Príomhchúiteamh Bainistíochta

Tá anailís iomlán ar phríomhphearsanra na bainistíochta atá freagrach as gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a threorú agus a rialú san áireamh faoi Nóta 9 "Costais Foirne" ar leathanach 39 de na Ráitis Airgeadais.

19. Íocaíochtaí agus comhaontuithe Foircinn/Scaoilíocaíochtaí

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí gan iarratas roimh ré i scríbhinn lena cheadú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Le linn na bliana, bronnadh blianta breise lánroghnacha ar bhall foirne amháin agus cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna é sin. Ina theannta sin, tharla dhá fhoirceann foirne trí chomhaontú idir an Ollscoil agus na baill foirne a bhí i gceist mar chuid de shocrúithe dlíthiúla idir na páirtithe.

20. Taisteal agus Cothabháil

Tá na costais iomlána a thabhaigh an Ollscoil i leith taistil agus cothabhála leagtha amach faoi Nóta 11 "Anailís ar Chaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta" ar leathanach 40 de na Ráitis Airgeadais.

21. Fáilteachas agus féilteachas

Tá na costais iomlána a thabhaigh an Ollscoil i leith fáilteachais agus féilteachais leagtha amach faoi Nóta 11 "Anailís ar Chaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta" ar leathanach 40 de na Ráitis Airgeadais.

22. Costais Dlí

Tá na costais iomlána a thabhaigh an Ollscoil i leith costais dlí leagtha amach faoi Nóta 11 "Anailís ar Chaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta" ar leathanach 40 de na Ráitis Airgeadais.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

1. Freagracht an Údaráis Ceannais i leith an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Aithníonn an tÚdarás Ceannais an fhreagracht atá air maidir le córas rialaithe inmheánaigh na hOllscoile; a chumhdaíonn gach rialú ábhartha lena n-áirítear rialú airgeadais, oibríochtúil agus comhlíonta, agus rialú córas bainistíochta riosca, a thacaíonn le gnóthú bheartais, aidhmeanna agus cuspoirí na hOllscoile agus ag an am céanna a thugann cosaint do na cistí agus do na sócmhainní poiblí agus eile a bhfuil an tÚdarás Ceannais freagrach astu.

2. Dearbhú Réasúnta in aghaidh cailleanas ábhartha

Déanann an córas rialaithe inmheánaigh bainistíocht ar an mbaol nach mbainfear amach beartais, aidhmeanna agus cuspoirí, nó nach seolfar gnóthaí ar bhealach atá ordúil agus dlisteanach, seachas an baol sin a dhíothú. Ní féidir leis dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt i leith éifeachtachta.

3. Na Príomhnósanna Imeachta maidir le Rialú

(i) Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh:

Thug an tÚdarás Ceannais faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Cuireann iniúcháirí inmheánacha na hOllscoile, obair an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca, Feidhmeannacht na hOllscoile agus feidhmeanna urrúis eile bonn eolais faoi athbhreithniú an Údaráis Ceannais ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Cuireann na hiniúcháirí inmheánacha tuarascálacha rialta ar aghaidh, lena n-áirítear tuairim neamhspleách faoi leorgacht agus éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh na hOllscoile, mar aon le moltaí i gcomhair feabhsú. Cuireann obair Fheidhmeannacht na hOllscoile laistigh den Ollscoil, atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh, agus na tuairimí a nochtann na hiniúcháirí seachtracha ina litir bhainistíochta agus i dtuarascálacha eile bonn eolais freisin faoi athbhreithniú an Údaráis Ceannais ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Mar thoradh ar an athbhreithniú foriomlán ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, níor shainaithin an tÚdarás Ceannais, iniúchadh seachtrach, iniúchadh inmheánach agus Feidhmeannacht na hOllscoile laige ábhartha ar bith. Rinne an ARC athbhreithniú ar Thuarascáil Iniúcháireachta Inmheánaí (Athbhreithniú Ardleibhéil ar Phríomhrialuithe Airgeadais 2019/20) i mí Eanáir 2021 agus léirigh siad go raibh siad sásta leis na gníomhartha bainistíochta. Cheadaigh an tÚdarás Ceannais an t-athbhreithniú ar an rialú inmheánach go foirmiúil ar an 26 Márta 2020 agus ar an 25 Márta 2021.

Is iad Córas Taifead na Mac Léinn, an Mórleabhar Ginearálta agus an Córas Íocaíochtaí, an Córas Párolla, an Córas AD, an Córas Iarratas ar Dheontais mhaoinithe, an Córas Ríomhfhoghlama, Córas na Leabharlainne, Ríomhphoist agus an Córas Tuairiscithe Airgeadais na príomhchórais faisnéise a úsáidtear san Ollscoil. Déanann Seirbhísí na Teicneolaíochta Faisnéise (TF) bainistiú ar na córais seo.

Tá na próisis seo a leanas bunaithe ag an tÚdarás Ceannais chun éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú agus a mheas.

- Bunaíodh an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca le téarmaí tagartha agus Cairt Iniúcháireachta i gcomhréir leis na treoirí rialachais atá leagtha síos sa *Chód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann 2019*.
- Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh, chuir na hiniúcháirí neamhspleácha inmheánacha, Mazars, na tuairiscí seo a leanas faoi bhráid an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca:
 - Athbhreithniú Ardleibhéil ar Phríomhrialuithe Airgeadais 2018- 19 (Eanáir 2020)*
 - Athbhreithniú ar Phárolla (Eanáir 2020)*
 - Athbhreithniú ar Rialachas (Feabhra 2020)*
 - Athbhreithniú ar RGCS (Meán Fómhair 2020)*
 - Iniúchadh Fíordheimhnithe (Meán Fómhair 2020)*
 - Athbhreithniú ar Aontas na Mac Léinn in Ollscoil Mhá Nuad agus ar Chistiú agus ar Rialuithe Airgeadais (Meán Fómhair 2020)*
 - Bearta leantacha maidir leis na Moltaí Roimhe Seo faoi Iniúcháireacht Inmheánach (Nollaig 2020)*
 - Athbhreithniú Ardleibhéil ar Phríomhrialuithe Airgeadais agus ICQ 2019- 20 (Eanáir 2021)*
 - Bainistíocht Riosca Calaoise (Márta 2021)*
 - Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca (Márta 2021)*
 - Athbhreithniú ar na Socruithe atá i bhfeidhm le Coláiste Innealtóireachta Ollscoil Fuzhou sa tSín (Márta 2021)*
- Tá sé léirithe ag Mazars agus ag an gCoiste um Iniúchadh agus Riosca go bhfuil siad sásta le freagairtí agus le pleananna gníomhaíochta na bainistíochta, má chuirtear i bhfeidhm iad, chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí riosca go léir a sainaithníodh. Tá sé deimhnithe ag an mbainistíocht go bhfuil an obair críochnaithe nó ar siúl i ngach réimse i gcomhréir le freagairtí doiciméadaithe na bainistíochta. Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an ARC chun monatóireacht níos géire ar bhonn leanúnach a dhéanamh ar ghníomhartha bainistíochta nach bhfuil curtha i gcrích faoin dáta dlite tosaigh.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

Chríochnaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh seachtrach ar na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais do 2018/19 i mí an Mhárta 2020. Fuair an Ollscoil ‘litir bhainistíochta’ i mí Aibreáin 2020 nuair a bhí an t-iniúchadh do 2018/19 curtha i gcrích. Níor tuairiscíodh aon mhíshonrú ábhartha, ná aon earráid. Tuairiscíodh cás amháin de chalaíochas phárolla i mí Eanáir 2020 agus rinneadh é sin a chlárú i litir bhainistíochta 2018/19. Rinneadh roinnt cinntí maidir le rialú inmheánach, lena n-áirítear dhá cheann a aicmíodh mar ‘ard’ agus bhí ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca aird an Údaráis Ceannais a tharraingt orthu. Cuireadh an tuairisc faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca le linn 2020. Thug an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le fios go raibh siad sásta le freagairt agus gníomhartha na bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a sainithníodh. Dheimhnigh an bhainistíocht go bhfuil an obair críochnaithe nó ag leanúint ar aghaidh maidir leis na cinntí.

Ba é an chéad chinneadh ‘ardleibhéil’ ná go raibh córas chun ordúithe ceannaigh a cheadú in easnamh. Reáchtáladh an córas POP ar bhonn píolótach do roinnt ranna agus soláthraithe in 2018/19 agus rinneadh é a fheidhmiú ar fud na hOllscoile in 2019/20. Tá breis agus 45% den chaiteachas soláthraithe (a rachaidh trí POP) á phróiseáil trí POP faoi láthair agus ó mhí Aibreáin 2021 ar aghaidh tá polasaí ar a dtugtar ‘gan POP gan Íocaíocht’ á chur i bhfeidhm Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chóras POP san iniúchadh eatramhach, tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste sásta leis an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain reatha.

Bhain an dara cinneadh le laigí teicneolaíochta faisnéise, go sonrach: laigí i dtaca le córais faisnéise agus slándáil sonraí; plean leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste nach raibh leordhóthanach; agus fadhbanna maidir le bogearraí i gcóras taifead na mac léinn, ITS. Tugadh aghaidh ar na fadhbanna leis an gcóras um thaifid na mac léinn le linn na bliana agus rinneadh dul chun cinn ar shlándáil agus ar athshlánú ó thubaiste. I measc na ngníomhartha sonracha a rinne an Ollscoil le linn 2019/20 tá:

- Polasaí nua i dtaca le pasfhocail don fhoireann go léir (á leathnú chuig na mic léinn go léir tar éis dheireadh na bliana)
- Reáchtáladh Próiseas fiordheimnithe atá slán (‘Fíordheimhniú Ilsraithe’, MFA) ar bhonn píolótach chun rochtain a fháil ar chórais na hOllscoile i gcás na bpríomhúsáideoirí san Airgeadas, in Acmhainní Daonna, i Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus i gcás comhaltaí d’Fheidhmeánacht na hOllscoile agus ansin feidhmíodh MFA maidir le cianrochtain don fhoireann go léir i mí Eanáir 2020.
- Feidhmíodh Plean Athshlánaithe ó Thubaiste teoranta chun na príomhchórais TF a athshlánú (córais Acmhainní Daonna agus córais Phárolla, córais Airgeadais agus na córais um Thaifid na Mac Léinn). Rinneadh tástáil ar an bPlean Athshlánaithe ó Thubaiste atá ag an gcóras Acmhainní Daonna agus Párolla agus d’fheidhmigh sé go sásúil agus déanfar tástáil ar na Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste atá ag na córais eile le linn 2021.
- Tugadh isteach MFA chun rochtain a fháil ar Chóras Airgeadais JD Edwards agus cuireadh tuairiscí ar fáil ón gcóras sin, ón gcóras Acmhainní Daonna agus ó chóras Féinfhreastail na bhFostaithe.
- Rinneadh breis infheistíochta i mbonneagar athléimneachta an chórais um thaifid na mac léinn.

Rinneadh iarracht shuntasach le linn 2019/20 maidir le cianrochtain ar chórais na hOllscoile a cheadú le linn phaindéim Covid-19 lena n-áirítear foghlaim ar líne a sholáthar do mhic léinn. Reáchtáladh scrúduithe cianda sa samhradh agus san fhómhar in 2020.

Ó dheireadh na bliana, rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste obair iniúchóireachta allamuigh maidir le hIniúchadh Reachtúil na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020. Rinneadh obair iniúchóireachta allamuigh tosaigh i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2020. Rinneadh an obair iniúchóireachta allamuigh dheiridh sa tréimhse Eanáir go Feabhra 2021 agus fuair an Ollscoil dréachtlitir bhainistíochta i mí an Mhárta 2021 bunaithe ar na cinntí ón iniúchadh foriomlán. Bhí mír amháin ina litir bhainistíochta ar bhain ardrátáil léi – is é sin nach ndearnadh athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha laistigh de thrí mhí ó dheireadh na bliana. Tabharfar aghaidh air sin sa bhliain seo amach romhainn.

Tá an tÚdarás Ceannais den tuairim go bhfuil próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha atá ann don Ollscoil maidir le straitéis, beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú agus go raibh sé i bhfeidhm don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020 agus suas go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais Bliantúil, agus go ndéanann an tÚdarás Ceannais é a athbhreithniú go rialta. Níor tharla aon fhorbairtí lenar bhain tábhacht airgeadais sa bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2020 seachas iad sin a nochtadh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

(ii) Sárú ar Rialú Inmheánach – Soláthar

Le linn 2019/20 thabhaigh an Ollscoil caiteachas de €174k ar earraí agus ar sheirbhísí áit nár chloígh na nósanna imeachta a úsáideadh maidir le soláthar leis na rialacha agus na treoirilínte gaolmhara.

- (a) Cásanna a aimsíodh mar thoradh ar fhéinmheasúnú:
 - Íocaíochtaí €60k le soláthraí chun suíomh gréasáin a fhorbairt agus tacú leis. Le linn 2020, cuireadh moill ar phleananna na hOllscoile maidir le tairiscintí a lorg do na seirbhísí sin, mar chuid d’athbhreithniú agus d’athstruchtúrú níos forleithne ar bhonneagar a suímh gréasáin. Déanfar é sin a cheartú le linn 2021.
- (b) Cásanna a aimsíodh le linn ráitis airgeadais 2019/20 a bheith á n-iniúchadh

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

- Bhain €72k le híocaíochtaí le soláthraí réiteach oifige, agus bhain an chuid ba mhó de le cothabháil ar mheaisíní fótachóipeála. Lorg an Ollscoil tairiscintí don tseirbhís sin le linn 2020 agus cé gur cuireadh moill ar an bpróiseas mar gheall ar an gcur isteach ó ghéarchéim Covid-19, táthar ag súil go mbronnfar an conradh sin go luath in 2021.

(c) Le linn 2021, cheap an Ollscoil soláthraí nua chun bulcbhreoslaí a sholáthar ó chreat-chomhaontú de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP). Chaith an Ollscoil €42k leis an soláthraí a bhí aici in 2019/20 sular glacadh le socrú OGP.

Chaith an Ollscoil tuairim is €152k le soláthraí seirbhíse comhairlí cánach in 2019/20. Baineann na seirbhísí a soláthraíodh go príomha le sainchomhairle maidir le comhoibriú na hOllscoile le hollscoil sa tSín i dtaca le forbairt a dhéanamh ar Coláiste Idirnáisiúnta Innealtóireachta Mhá Nuad agus comhairle CBL maidir le ríomh-irisleabhair a fuarthas le cistí a soláthraíodh don Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach. Lorg an Ollscoil tairiscintí do sheirbhísí comhairleacha cánach trí chreat-chomhaontú OGP in 2018 ach ní raibh ar a cumas conradh a bhronnadh. Chuir an Ollscoil tús leis an dara próiseas tairisceana í féin in 2019 agus bronnadh conradh ar an tairgeoir rathúil i ndiaidh dheireadh na bliana. Tá sé i gceist ag an Ollscoil seirbhísí an tsoláthraí a raibh conradh aici leis roimhe sin a úsáid nuair atá comhairle ar leith ag teastáil maidir leis an oibríocht sa tSín agus IReL mar nach bhfuil sé éasca an saineolas agus an oileacht atá forbartha ag an soláthraí sa réimse sin a athchruthú.

Maidir le himscrúdú a dhéanamh ar ábhar a tuairiscíodh don Ollscoil, ceapadh cuideachta a bhfuil taithí aici maidir le himscrúduithe den chineál sin ar chostas €102k gan dul i muinín próiseas iomaíoch.

(iii) Caillteanais Ábhartha agus Calaois

I mí na Nollag 2019, chaill an Ollscoil €6,200 trí chalaois mar thoradh ar chás fioscaireachta spriocdhírthe, agus dá bharr sin cuireadh íocaíocht tuarastail do bhall foirne chuig cuntas bainc a bhí faoi smacht an duine a rinne an chalaois.

Léirigh an Tuarascáil Iniúcháireachta Inmheánaí a chuir Mazars faoi bhráid Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca (ARC) na hOllscoile i mí Eanáir 2020, go bhfuil prótacal doiciméadaithe ann d'fhostaithe reatha chun a sonraí bainc pearsanta a athrú trí fhoireann tacaíochta na nOibríochtaí Acmhainní Daonna, tríd an bhfoirm phearsanra ar líne a chur isteach arís, nó le ríomhphost arna fhíorú le teagmháil phearsanta. Mar sin féin, níor leanadh na gnáthrialuithe a bhaineann le hathruithe bainc i dtaca le párolla sa chás sin. Cé gur cás aonair a bhí ann, agus nach raibh tionchar ag nochtadh na calaoise ach ar ghlanphá duine amháin, mheasamar go raibh sé ciallmhar na rialuithe thart ar athruithe ar shonraí cuntais bainc a neartú i gcomhair fostaithe faoi mar atá molta ag na hIniúcháirí Inmheánacha.

(iv) Athbhreithniú ag an gCoiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus ag an Údarás Ceannais

Deimhníonn an tÚdarás Ceannais go ndearna an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca athbhreithniú ar an Ráiteas seo ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh ag an gcruinniú a bhí aige ar an 16 Márta 2021 agus go ndearna an tÚdarás Ceannais iomlán é a athbhreithniú ag cruinniú a tionóladh ar an 25 Márta 2021 lena chinntiú go dtugtar léiriú cruinn ann ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse. Tugann an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus an tÚdarás Ceannais faoi deara gur dheimhnigh na hiniúcháirí inmheánacha, Mazars, nárbh eol dóibhsean óna gcuid oibre iniúchta aon ní a bheadh ag teacht salach ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh. Bhraith an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus an tÚdarás Ceannais ar dheimhnithe ón mbainistíocht go léiríonn na córais rialaithe faoi mar a dhéantar cur síos orthu sna Ráitis Airgeadais an córas rialaithe atá i bhfeidhm san Ollscoil.

(v) Timpeallacht Rialaithe Chúí

Deimhníonn an tÚdarás Ceannais go bhfuil timpeallacht rialaithe chúí curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go ndéantar an Ollscoil a bhainistiú agus a rialú ar bhealach atá ceart agus rialta. I measc na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm tá struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir, córas srianta agus ceartúchán cuí idir bainistíocht agus rialachas, polasaithe agus nósanna imeachta scríofa lena n-áirítear oiliúint i dtaca le polasaithe agus nósanna imeachta, Creat um Bainistiú Riosca (cé gur obair idir lámha atá ann), próiseas láidir maidir le hiniúchadh inmheánach, athbhreithniú rialta ag Feidhmeannacht na hOllscoile ar oibríochtaí, tuairisciú rialta ón Uachtarán chuig an Údarás Ceannais agus rialuithe córais agus buiséid. Bhraith an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus an tÚdarás Ceannais ar thorthaí ó iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha, athbhreithnithe cáilíochta, agus ar dheimhnithe ón mbainistíocht go léiríonn an córas rialaithe faoi mar a dhéantar cur síos air sna Ráitis Airgeadais an córas rialaithe atá i bhfeidhm san Ollscoil.

(vi) An próiseas chun riosca gnó a shainaitheint

Tugtar faoi phróiseas foirmiúil ar bhonn rialta chun rioscaí a shainaitheint, a mheas agus a mhaolú. Le linn 2019/20 ba é seo a leanas an próiseas a leanadh: rinne fochoiste d'Fheidhmeannacht na hOllscoile an Clár Rioscaí a athbhreithniú agus a nuashonrú tar éis dul i mbun comhairliúchán cuí san Ollscoil, agus ansin cuireadh an Clár Rioscaí faoi bhráid an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus rinneadh sé athbhreithniú air sular cuireadh faoi bhráid an Údarais Ceannais é. Déanann an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca maoirseacht ar an bpróiseas bainistíochta riosca. Tá an Rúnaí mar fheighlíl ar an gClár Rioscaí agus déanann sé faireachán ar ghluaiseachtaí le linn na bliana. Déantar aird Fheidhmeannacht na hOllscoile, agus an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus an Údarais Ceannais, nuair is cuí, a dhíriú ar aon athrú

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

suntasach ar riosca nó ar aon riosca nua. Is ann do nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí i gcás cinntí suntasacha gnó. Orthu siúd tá malairtí a scrúdú (lena n-áirítear gan dada a dhéanamh), bainistíocht thionscnaimh an tionscadail a bhreithniú, faisnéis a bhailiú faoi na comhpháirtithe gnó atá bainteach leis, na réamh-mheastacháin a cheistiú agus taifeadadh agus faireachán a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas.

Rinneadh Clár Rioscaí 2019 a athbhreithniú agus a nuashonrú le linn na bliana agus tugadh chun críche é i mí na Samhna 2019. Rinneadh na rioscaí a chatagóiriú in 16 ghrúpa éagsúla chun na spriocanna i bPlean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018-2022 a léiriú.

Moladh in athbhreithnithe Rialachais go neartódh an Ollscoil a polasaí agus a próisis i leith bainistíocht riosca tuilleadh agus rachaidh Feidhmeannacht na hOllscoile ina bhun sin in 2021. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2020 (mar shampla, thug an ARC isteach buanmhír ar a chlár maidir le riosca agus bainistiú riosca; rinne an ARC athbhreithniú ar chlár rioscaí a bhain le tionscadail chaipitil le linn na bliana; thug an Ollscoil isteach acmhainn chun a polasaithe rialachais, a nósanna imeachta agus doiciméid tacaíochta a fhorbairt le linn na bliana agus tá an obair sin ar siúl go fóill) agus tá tuilleadh feabhsuithe beartaithe do 2021 (mar shampla, glacadh le polasaí i leith Bainistíocht Riosca, Clár Rioscaí Fiontar a fhoilsiú agus Polasaí um Údarás Sínithe a fhorbairt). Le linn 2019/20, rinneadh measúnuithe riosca sa bhreis lena n-áirítear measúnú riosca ar chairteitiltí chun mic léinn idirnáisiúnta a thabhairt go hÉirinn (a dhiúltaigh Ollscoil Mhá Nuad i ndiaidh measúnú riosca) agus measúnuithe riosca ar infheistíochtaí córais éagsúla chun cabhrú le hobair ó chian agus le teagasc ar líne (infheistíochtaí a rinne Ollscoil Mhá Nuad i ndiaidh measúnuithe riosca). Le linn 2019/20, rinne Deloitte athbhreithniú leanúnach i dtaca le rialachas ar cheisteanna a bhain le hAcmhainní Daonna agus le Párolla agus rinne an ARC breithniú air sin.

4. Deimhniú ar Athbhreithniú

Rinne an tÚdarás Ceannais athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha ar an 26 Márta 2020 agus ar an 25 Márta 2021.

5. Laigí ar gá iad a nochtadh

Rinne an tÚdarás Ceannais athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh ag cruinniú dá chuid a reáchtáladh ar an 26 Márta 2020. Ag an gcruinniú sin, tharraing an Sparánaí aird ar gach nochtadh a rinneadh chomh maith leis an mbunús ar a ndearnadh é agus na dearbhuithe a raibh an tÚdarás Ceannais ag brath orthu do gach pointe. Rinneadh athbhreithniú eile ag an gcruinniú a bhí ag an Údarás Ceannais ar an 25 Márta 2021 agus ag an gcruinniú sin thug an Sparánaí / Rúnaí breac-chuntas arís ar chineál an noichta agus ar an mbunús ar ar tugadh na dearbhuithe. Ar an dá ócáid, tháinig an tÚdarás Ceannais ar an tuairim go raibh córas éifeachtach i dtaca le rialuithe inmheánacha i bhfeidhm san Ollscoil.

Tugadh breac-chuntas ar an dá chinneadh ‘ardleibhéil’ a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus nach raibh ann ach iad, faoi Nóta 3(i) thuas. Ina theannta sin, rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 14 chinneadh ‘meánleibhéil’. Díríodh aird an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca orthu sin ar an 18 Márta 2020 agus tugadh fógra don Údarás Ceannais ina leith ar an 26 Márta 2020. Thug an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le fios go raibh siad sásta leis na gníomhartha bainistíochta a léiríodh chun aghaidh a thabhairt ar na cinntí.

As aon cheann déag d'athbhreithnithe ar iniúchóireacht inmheánach a cuireadh i láthair an bhliain seo caite, sholáthar Mazars leibhéal réasúnta dearbhaithe don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i leith seacht gcinn de na tuairiscí sin. Maidir leis na ceithre cinn eile d'athbhreithnithe iniúchóireachta, léiríodh in Athbhreithniú RGCS nach bhféadfaí ach ‘dearbhu teoranta’ a sholáthar agus níor sholáthair Mazars leibhéal dearbhaithe ar a mBearta Leantacha maidir le Moltaí Iniúchóireachta Roimhe seo, ar an Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca agus ar Bhainistíocht Riosca Calaoise.

Tá dul chun cinn déanta ag an Ollscoil maidir le dul i ngleic leis na réimsí inar aithníodh laigí i dtuarascálacha iniúchóireachta roimhe seo. San Athbhreithniú Leantach (a luadh thuas) féachadh ar 38 mír oscailte ó thuairiscí roimhe seo, lena n-áirítear Earcaíocht agus Conarthaí Fostaíochta agus an tAthbhreithniú ar Chibearshlándáil. As 38 réimse a ndearnadh athbhreithniú orthu, tá 12 dúnta, tá 19 curtha i bhfeidhm go páirteach agus tá seacht gcinn nach bhfuil curtha i bhfeidhm. Baineann cuid mhór díobh sin atá curtha i bhfeidhm go páirteach/nach bhfuil curtha i bhfeidhm leis an gCibearshlándáil. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta sa réimse sin, déanfar athbhreithniú leantach sa bhreis in 2021 lena chinntiú go bhfuil na moltaí sin curtha i bhfeidhm go hiomlán. Níl aon mhíreanna ardriosca nach bhfuil curtha i bhfeidhm ach go páirteach nó nach bhfuil curtha i bhfeidhm.

Rinneadh trí chinneadh ardriosca i dtaca le hAthbhreithnithe ar Iniúchóireacht Inmheánach agus chuir siad ‘dearbhu réasúnta’ ar fáil. Maidir leis an ‘Athbhreithniú ar Rialachas’, d’aimsigh na t-iniúcháir inmheánach roinnt réimsí sa Chóras i leith Bainistíocht Riosca, nár chloígh go hiomlán le Cód 2019. Eascraíonn an riosca seo as glacadh leis an *gCód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann 2019*, ar cód é a leagann caighdeán rialachais agus bainistithe riosca níos airde ar Ollscoileanna ná mar a leagadh faoi Chód 2012 a bhí ann roimhe sin. Ghlac Ollscoil Mhá Nuad leis na cinntí agus tá tionscadal leantach ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar laigí a saináithníodh in Anailís GAP a d’ullmhaigh an Rúnaí agus

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

a cuireadh faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Tá nuashonrú á dhéanamh ar dhoiciméid amhail Litir Cheapacháin ar an Údarás Ceannais, Litir Cheapacháin ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca, Ábhair atá Forchoimeáda lena gCinneadh ag an Údarás Ceannais, Cód Iompair le haghaidh chomhaltaí an Údarais Ceannais, Plean feidhmithe na Cairte um Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus Buan-Orduithe don Údarás Ceannais agus do Choistí an Údarais Ceannais agus cuirfear chuig an Údarás Ceannais iad lena gceadú. San Athbhreithniú ar Phárolla, rinneadh cinneadh ardriosca mar thoradh ar an gcás calaoise i mí na Nollag 2019 atá mionsonraithe faoi alt 3(iv) den Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh. Faoi mar a luadh in alt 3(iv), tá bearta breise glactha chun rialuithe a neartú.

Bhain an mhír ardriosca deiridh, a bhfuil breac-chuntas uirthi san Athbhreithniú Ardleibhéil ar Rialuithe Inmheánacha agus ICQ 2019- 20 le hearráid maidir le próiseáil párolla i mí na Nollag 2020 inar tugadh ró-íocaíochtaí do roinnt den fhoireann ócáideach a bhí ar bhileoga ama láimhe. Tharla na ró-íocaíochtaí mar gur próiseáladh roinnt bileoga ama láimhe i mí na Samhna agus i mí na Nollag.

Chuaigh an fhoireann párolla i dteagmháil go tapa leis an bhfoireann a bhí i gceist agus tá 97% den ró-íocaíocht faighte ar ais agus é seo á scríobh agus gheofar an fuilleach ar ais (le comhoibriú an oibrí ócáidigh atá i gceist) san dara ráithe de 2021. Cuireadh rialuithe breise i bhfeidhm agus tá tionscadal leantach ar siúl chun na baill foirne atá ar bhileoga ama láimhe a aistriú chuig ESS (téann 87% de na bileoga ama trí phróiseas uathoibríthe a shainathnóinn íocaíochtaí dubailte. Chomh maith leis sin, atá anailís á déanamh ar an tionchar atá ag mí phróiseála níos giorra i mí na Nollag agus más féidir aghaidh a thabhairt air sin.

Tá dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ag an Ollscoil i dtreo cheanglais an Achta Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2018 a chomhlíonadh go hiomlán. Tugtar téarmaí agus coinníollacha don fhoireann ócáideach go léir a phróiseáiltear trí phróiseas Fhoirm Cheapacháin ar líne na hinstiúití de um Fhoireann Ócáideach (OSAF).

6. Laigí sa Rialú Inmheánach

In 2017/18 mheas an tÚdarás Ceannais go raibh sé riachtanach easpa ‘Plean Athshlánaithe ó Thubaiste agus Leanúnachais Gnó’ agus TF agus córais slándála sonraí a bhí uireasach a nochtadh mar laigí rialaithe. Thug an tÚdarás Ceannais le fios freisin gur tharla eachtraí a tharraing aird ar laigí sa chóras um thaifid na mac léinn, agus sa tslándáil a bhaineann le suíomh gréasáin agus ríomhphost na hOllscoile. Mar fhreagairt do na laigí a sainathnóidh, luaigh an Ollscoil go raibh sí mbun atheagrú mór ar a haonad Seirbhísí TF. Choimisiúnaigh an Ollscoil sainchomhairleoirí IBM chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht na gcóras. Bhí an tsainchomhairleoireacht sin críochnaithe agus sainathnóidh ceisteanna práinneacha agus tugadh aghaidh orthu. D’admhaigh an tÚdarás Ceannais go mbeidh infheistíocht shuntasach de dhíth ar bhonneagar agus ar chórais TF thar roinnt blianta. Tá an obair ar na nithe is práinní á déanamh ar bhonn céimnithe. Ghlac an Sparánaí / Rúnaí freagracht as Seirbhísí TF ar bhonn eatramhach le linn 2019. Fostaíodh Stiúrthóir gníomhach ar Sheirbhísí TF i mí Mheán Fómhair 2019. Bhí dul chun cinn suntasach déanta maidir le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí a aithníodh an bhliain seo caite sna réimsí a bhain le Plean Athshlánaithe ó Thubaiste agus Leanúnachais Gnó agus TF agus slándáil sonraí. Tugadh uasdátú maidir le forbairtí sa chlár feabhsaithe don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i mí na Samhna 2020. I measc na mbearta a rinne Ollscoil Mhá Nuad bhí forbairt ar pholasaithe i réimsí a bhaineann le Bainistíocht ar Fhaisnéis agus ar Shlándáil Sonraí, Bainistíocht Paistí agus Bainistíocht Pasfhocal, agus feidhmiú breise a dhéanamh ar Fhíordheimhniú Ilsraithe chun rochtain a fháil ar chórais na hOllscoile, lena n-áirítear an Córas Airgeadais, an Córas um Bainistíocht Acmhainní Daonna, an Córas Ríomhphost agus Córas Thaifid na Mac Léinn; fógraí ar na ríomhphoist go léir a fhaightear ó thríú páirtithe ag rá gur eascair an ríomhphoist as foinsí lasmuigh den Ollscoil, scanadh a dhéanamh ar gach ceangaltán ríomhphoist chun seiceáil a dhéanamh le haghaidh bogearraí mailíseacha leabaithe; Bainistíocht Teagmhais agus Eachtra Slándála a fheidhmiú, breis oiliúna maidir le slándáil chórais agus fioscaireacht; agus cumarsáid mhíosúil leis an bhfoireann go léir maidir le córais agus sonraí fad atá siad ag obair ó chian agus an fhreagracht atá ar bhaill foirne ina leith sin. Ina theannta sin, tá athbhreithniú míosúil ag leibhéal bainistíochta na Seirbhísí TF ar thionscadail ghníomhacha chomh maith le hathbhreithniú buiséid ar thionscadail agus measúnú riosca ráithiúil ar gach tionscadal curtha i bhfeidhm. Tá an tÚdarás Ceannais den tuairim go bhfuil riosca suntasach don Ollscoil ag baint le réimse foriomlán TF go fóill cé go bhfuil an riosca sin níos lú ná sna blianta roimhe seo.

Riosca eile ar gá é a nochtadh is ea an réimse iomlán a bhaineann le RGCS, atá gaolmhar leis ach ar leithligh uaidh. Le linn na bliana, fuair Ollscoil Mhá Nuad tuairisc ar athbhreithniú iniúchóireachta ar RGCS ó Mazars inar tugadh ‘dearbhu teoranta’ mar rátáil fhoriomlán. Ba ghá é sin a nochtadh don Údarás Ceannais láithreach agus bhí an nochtadh sin i dtuairisc Chathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca chuig an Údarás Ceannais ag an gcruinniú a bhí aige i mí Mheán Fómhair 2020. Tá plean á ullmhú ag an Ollscoil chun comhlíonadh RGCS agus ullmhacht chun déileáil le sárú féideartha ar RGCS a chur i gcomhréir le dea-chleachtas sa réimse sin. I measc na mbearta atá á bpleanáil sa dá mhí dhéag seo amach romhainn, tá ár bpolasaí um Measúnú Tionchair i dtaca le Príobháideacht Sonraí a thabhairt cothrom le dáta do mhíreanna 25 agus 35 de RGCS; tosú ag iniúchadh na dTaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála atá ag ranna agus ag aonaid na hOllscoile; breithniú a dhéanamh ar na hacmhainní atá de dhíth chun an tOifigeach Cosanta Sonraí a éascú agus a cuid dualgas á ndéanamh aici faoi airteagal 38 agus airteagal 39 de RGCS; athbhreithniú a dhéanamh ar na conarthaí go léir atá ag soláthraithe Próiseála Sonraí agus TF i dtaca le comhlíonadh RGCS; tuilleadh oiliúna a chur ar fáil don

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

fhoireann go léir maidir le RGCS; agus an tacar iomlán polasaithe a bhaineann le RGCS a athbhreithniú agus a uasdátú. Tá an tÚdarás Ceannais den tuairim go bhfuil riosca suntasach don Ollscoil ag baint le RGCS go fóill.

Tá an córas foriomlán maidir le rialachas agus rialú inmheánach forbartha go maith. Mar sin féin, tá réimse amháin ann ina bhfuil sé riachtanach forbairt a dhéanamh ar na polasaithe agus ar an gcreat maidir leis an mbealach ina ndéantar rialú a fheidhmiú agus is é sin an réimse go léir a bhaineann le Bainistíocht Riosca. Fuair an tÚdarás Ceannais agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca oiliúint maidir le Bainistíocht Riosca agus an ról rialachais atá acu i dtaca leis an réimse sin. Is gá oiliúint a chur ar comhaltaí Fheidhmeannacht na hOllscoile agus ar dhaoine eile a bhfuil baint acu le forbairt a dhéanamh ar chlár rioscaí roinne. Is próiseas ón mbonn aníos agus ón mbarr anuas atá sa Bhainistíocht Riosca ag Ollscoil Mhá Nuad agus forbraíodh Clár Rioscaí Fiontar achomair agus rinneadh é a thuairisciú don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus don Údarás Ceannais. Mar sin féin, tá inghlacthacht riosca do gach catagóir agus próiseas foirmiúil um theagmhas riosca a thuairisciú in easnamh i gcreat foriomlán na bainistíochta riosca. Rachfar i ngleic leis na hábhair sin in 2021. Tá an tÚdarás Ceannais den tuairim go bhfuil riosca suntasach d'Ollscoil Mhá Nuad ag baint le réimse na bainistíochta riosca go fóill.

7. Reachtaíocht Soláthair a Chomhlíonadh

Dearbhaíonn an tÚdarás Ceannais go bhfuil nósanna imeachta soláthair i bhfeidhm agus gur cuireadh gach sealbhóir buiséid ar an eolas fúthu. Léiríonn na nósanna imeachta treoracha AE, reachtaíocht agus polasaí an rialtais de réir mar a thuigimid iad. Deimhníonn an tÚdarás Ceannais go bhfuil seirbhísí agus creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais, agus na Seirbhíse Soláthair Oideachais á n-úsáid ag an Ollscoil, i gcás inarb infheidhme.

8. Tionchar Covid 19 ar an Timpeallacht Rialaithe

Chuir Covid-19 mórán dúshlán os comhair na hOllscoile, a cuid foirne agus a cuid mac léinn. Rinne an bhainistíocht iarracht a chinntiú gur coinníodh timpeallacht dhaindear rialaithe in ainneoin go raibh an fhoireann ag obair ó chian le linn na tréimhse. Rinneadh iarrachtaí, agus tá iarrachtaí á ndéanamh go fóill, lena chinntiú go soláthrófar an oiread deiseanna agus is féidir do mhic léinn na hOllscoile chun foghlaim a dhéanamh ar an gcampas le linn na paindéime. Bhí ar fhoireann acadúil na hOllscoile aistriú go tapa chuig teagasc ó chian i mí Aibreáin 2020 agus d'éirigh leo an bhliain acadúil a chríochnú do mhic léinn. Rinneadh Seimeastar 1 in 2020/21 a phleanáil nuair a bhí srianta 'Leibhéal 2' i gceist ach b'éigean leasú a dhéanamh gan mhoill, go dtí 'Leibhéal 3 plus' i dtús báire agus ansin go dtí 'Leibhéal 5' agus ar ais arís go dtí 'Leibhéal 3 plus'. Thaispeáin an Ollscoil go raibh sí gasta sna cúinsí ina raibh sí agus na cúinsí sin ag athrú go tapa. Ó mhí an Mhárta 2020 i leith, tá buanmhír ag Feidhmeannacht na hOllscoile ag a cuid cruinnithe maidir le ceist Covid-19. Bunaíodh coiste um fhilleadh ar an gcampas le linn mhíonna an tsamhraidh agus bhí ionadaithe na foirne páirteach ina chuid oibre. Reáchtáiltear cruinniú de thascfhórsa covid-19 gach seachtain. Ina theannta sin, nuair a fhógraíonn an Rialtas athruithe ar an bhfreagairt náisiúnta (nó ar an bhfreagairt áitiúil i gCill Dara), tionólaann príomhphearsanra na hOllscoile cruinniú lena chinntiú go bhfuil fógra an rialtais á chomhlíonadh ag an Ollscoil.

Rialuithe Airgeadais

Níor tháinig aon athrú ar róil ná ar fhreagrachtaí le linn na tréimhse agus tá dualgais á ndeighilt i gcónaí ar fud na n-oibríochtaí airgeadais. Níor athraíodh na teorainneacha údaráithe agus na tairseacha íocaíochta. Is trí shíniú leictreonach agus/nó trí ríomhphost a chuirtear síniú leis agus a sholáthraítear fianaise ar cheadú anois seachas síniú láimhe a chur leis mar a dhéantaí roimh an bpaindéim. Chuir an Sparánaí meamram ina raibh breac-chuntas ar a bhfuil thuas chuig an bhfoireann Airgeadais, chuig na sealbhóirí buiséid go léir agus chuig na riarthóirí roinne go léir ar an 3 Aibreán. Níor tháinig aon athrú ar an bpróiseas maidir le postáil agus ceadú irisí mar thoradh ar na socruithe oibre nua. Déantar réitigh mhíosúla ar chláir chomhordaithe a chur i gcrích ar bhonn míosúil i gcónaí. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm i gcónaí maidir le hathrú ar shonraí bainc na bhfostaithe agus na soláthraithe.

Buiséadú agus Réamhaisnéisiú

Tá próiseas láidir ag Ollscoil Mhá Nuad maidir le buiséadú agus réamhaisnéisiú agus sa dara leath den bhliain soláthraíodh buiséid agus réamhaisnéisí leasaithe ar bhonn rialta i gcomhair páirtithe inmheánacha agus seachtracha lena n-áirítear an tÚdarás um Ard-Oideachas, Cumann Ollscoileanna Éireann agus an tÚdarás Ceannais. Cuireadh na buiséid agus an sreabhadh airgid do 2020/21 a ndearnadh an nuashonrú ba dhéanaí orthu i láthair an ARC agus an Choiste Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Forbartha i mí na Nollag 2020 agus i mí an Mhárta 2021. Déantar monatóireacht sheasta ar chaiteachas in aghaidh buiséid sna haonaid ghnó lena chinntiú nach dtarlaíonn róchaiteachas suntasach. Le linn 2019/20, ba léir nach raibh caiteachas ar aon dul lena mbuiséid á thabhtú ag ranna agus ag aonaid. Tharla sé sin de bharr Covid-19 agus de bhrí nárbh fhéidir taisteal chuig comhdhálacha agus chuig imeachtaí, costais fáilteachais agus féilteachais a thabhtú, earraí inchaite saotharlainne a úsáid (bhí na saotharlanna dúnta) ná trealamh a cheannach i measc nithe eile. Mar thoradh air sin, bhain an Ollscoil sciar suntasach de na buiséid sna ranna agus cuireadh i leataobh iad don téarnamh ó Covid-19. Cuireadh an riachtanas a bhaineann lena gcuid caiteachais a bhainistiú go stuama in iúl do Chinn Roinne.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

Bainistíocht Riosca

Nuashonraíodh Clár Rioscaí 2019 in 2020 chun na rioscaí a bhaineann le Covid-19 a léiriú. Cuireadh an Clár Rioscaí i láthair an Údaráis Ceannais i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2020 agus tá an riosca mar bhuanmhír ar chlár an ARC. Cuireadh achoimre ar na bearta a rinneadh i rith na bliana i láthair an Údaráis Ceannais i mí na Nollag 2020.


Teicneolaíocht Faisnéise

Rinneadh infheistíocht shuntasach in 2020 chun líonra na hOllscoile a uasghrádú agus cuireadh tuilleadh acmhainne ar fáil chomh maith le teacht aniar níos fearr maidir le cóip cultaca a dhéanamh de shonraí agus iad a athshlánú. I dtaca le slándáil TF, bhí Fíordheimhniú Ilsraithe (MFA) i bhfeidhm roimh Coivid-19 maidir le gach rochtain ar Office 365 ó lasmuigh den champas. Teastaíonn MFA anois chun rochtain a fháil ar an gCóras Airgeadais, ar an gCóras Achmhainní Daonna agus ar an gCóras um Thaifid na Mac Léinn. Cuireadh ríomhairí glúine agus ríomhairí deisce Windows 10 agus iad criptithe ar fáil d'fhormhór na mball foirne agus caithfidh baill foirne áirithe iad a úsáid lena n-áirítear comhaltaí d'Fheidhmeannacht na hOllscoile, an fhoireann Airgeadais, an fhoireann Acmhainní Daonna agus daoine eile a úsáideann sonraí atá an-rúnda. Cheannaigh an Ollscoil bogearraí darb ainm Panopto chun go bhféadfaí léachtaí beo a chraoladh trí shuíomh gréasáin na hOllscoile. Tá roinnt den fhoireann léachtóireachta ag úsáid Microsoft Teams do ghrúpaí beaga mac léinn. Soláthraíodh oiliúint agus treoir don fhoireann go léir maidir le feachtas ar shlándáil TFC agus ar chosaint sonraí agus iad ag obair go cianda agus maidir le Teams agus Panopto a úsáid agus iad i mbun cumarsáide le mic léinn agus le páirtithe seachtracha.

Arna shíniú thar ceann an Údaráis Ceannais an 25 Márta 2021.



An Dr Mary Canning
Cathaoirleach



An tOllamh Philip Nolan
Uachtarán



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Ollscoil

Mhá Nuad

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ollscoil Má Nuad, don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe ar chúlchistí
- an ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar an staid airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas cóir agus cothrom ar shócmhainní agus ar staid airgeadais na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile ar an 30 Meán Fómhair 2020 agus ar ioncam agus caiteachas na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile don bhliain a raibh críoch léi ag an am sin i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Béim ar ábhar — sócmhainn chistithe phinsin iarchurtha

Gan coinníoll a chur le mo thuairim ar na ráitis airgeadais, is mian liom aird a tharraingt ar nóta 21 a bhaineann le sochair scoir atá fabhráithe ag baill foirne reatha agus iarbhaill foirne suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.

Léiríonn an t-aitheantas a thugtar do shócmhainní um maoiniú iarchurtha pinsin maidir le Scéim Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (Dúnta) 2009, (€419 milliún) agus maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (€17 mhilliún) forálacha reachtúla a bhaineann le maoiniú na scéimeanna sin.

Léiríonn an t-aitheantas a thugtar do shócmhainn de €141 milliún mar chistiú le haghaidh pinsin iarchurtha maidir le Scéim Aoisliúntais Fhostaithe Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, scéim 2007, go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Stát cistiú ar fáil chun freastal ar dhliteanais phinsin ghaolmhara de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá bonn tuisceana sa chur chuige cuntasaíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm ar dtús i dtreo speansais reatha agus go bhfreastalóidh aon chistiú ón Stát ar aon easnamh acmhainní chun dliteanais phinsin a mhaoiniú amach anseo.

An bonn atá leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hiniúchadh (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

Tuarascáil an Ard-Reachtaire

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Ollscoil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin tuarascáil an Sparánaí, an ráiteas ar fhreagrachtaí, an ráiteas ar rialachas agus an ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánaigh.

Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm i dtaca le tuairisciú a dhéanamh maidir le faisnéis den sórt sin, agus maidir le hábhair áirithe eile a ndéanaim iad a thuairisciú trí eisceacht san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus
Ciste 29 Márta 2021

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis Ceannais

Tá comhaltaí an Údaráis Ceannais freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Acht na nOllscoileanna, 1997
- a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú cóir agus cothrom i gcomhréir le FRS102
- rialtacht idirbhearta a áirithiú
- a mheas an bhfuil cuntasáiocht ar bhonn gnóthas leantach oiriúnach, agus
- aon rialú inmheánach a cheapann siad a bheith riachtanach lena áirithiú go bhféadfaí ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de fhreagracht ormsa, faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOllscoile agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Dearbhú ar ardleibhéal is ea dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíonn sé go ndéanfar míshonrú ábhartha a bhrath i gcónaí, nuair is ann dó, in iniúchadh a dhéantar a reáchtáil i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh. Féadfaidh míshonruithe tarlú de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go meastar le réasún go bhféadfaidís, astu féin nó go comhiomlán, tionchar a imirt ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh tugaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí i dtaca le míshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó de bharr earráide, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a dhearadh agus a fheidhmiú; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá baol níos mó ann nach ndéanfar míshonrú ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná mar atá ag baint le gan earráid a bhrath, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon turas, bréagléiriú, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach do na himthosca, ach ní chun tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochtadh gaolmhar.

- Déanaim cinneadh maidir leis an oiriúnacht a bhaineann le cuntasáiocht ar bhonn gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaighim, an ann do neamhchinnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOllscoile leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gur ann do neamhchinnteacht ábhartha, tá sé de cheangal orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil nochtadh den sórt sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid cinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar imeachtaí nó ar chúinsí sa todhchaí go stadfaidh an Ollscoil de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais, chomh maith lena struchtúr agus leis an ábhar atá iontu, lena n-áirítear an nochtadh, agus pé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus ar na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a dhéanann iad a chur i láthair go cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram rialachais orthu, maidir leis an raon feidhme agus leis an uainiú atá beartaithe don iniúchadh agus maidir le cinntí suntasacha an iniúchta, chomh maith le hábhair eile lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním i m'iniúchadh.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais faisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim cinneadh dearbhaithe d'aon chineál ina leith siúd.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheangal orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, an fhaisnéis eile a chuirtear os mo chomhair a léamh, agus arna dhéanamh sin dom, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó i gcás gur cosúil go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míshonrú ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile seo, tá sé de cheangal orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú a dhéanamh ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú substaintiúil ón Stát i dtaca lena gcuid bainistíochta agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí a sheoladh.

Lorgaím fianaise maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha inar tharla sé nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcíoch dá raibh sé ceaptha nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad. Tuairiscím trí eisceacht freisin mura bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis

- agus na mínithe ar fad a bhí de dhíth orm do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid iniúchta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach
An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2020

		2020		2019	
	Nótaí	Comhdhlúite €'000	Ollscoil €'000	Comhdhlúite €'000	Ollscoil €'000
Ioncam					
Deontais Stáit - Athfhillteach	3	31,464	31,464	26,423	26,423
Táillí mac léinn	4	80,106	80,106	73,540	73,540
Deontais agus conarthaí taighde	5	37,719	37,882	28,067	28,067
Amúchadh deontas caipitil iarchurtha	14	2,931	2,931	2,975	2,975
Ioncam eile	6	11,841	11,812	13,260	13,106
Ioncam ó infheistíocht	7	133	133	223	223
Tabhartais		174	-	-	-
Glanchistiú iarchurtha le haghaidh Pinsean	21	28,862	28,862	28,284	28,284
Ioncam iomlán		193,230	193,190	172,772	172,618
Caiteachas					
Costais foirne	9	111,920	111,920	101,670	101,535
Costais oibriúcháin eile	11	59,733	59,717	51,520	51,398
Dímheas	12	8,256	8,256	8,580	8,580
Ús agus costais airgeadais eile	10	6,439	6,439	11,069	11,069
Caiteachas iomlán		186,348	186,332	172,839	172,582
Barrachas/(Easnamh)/ roimh ghnóthachain chaillteanais eile agus sciar an bharrachais oibriúcháin de chomhfhiontair agus		6,882	6,858	(67)	36
Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta		50	50	2	2
(Caillteanas)/Gnóthachan/ar athluacháil réadmhaoine infheistíochta	15	(250)	(250)	25	25
Sciar den (Chaillteanas)/ Bharrachas oibriúcháin i gcomhfhiontar	16	(235)	(235)	268	268
Barrachas roimh cháin		6,447	6,423	228	331
Cánachas	8	(58)	(58)	-	-
Barrachas don bhliain		6,389	6,365	228	331
Gnóthachan /(Caillteanas) achtúireach maidir le scéimeanna pinsin	21	18,422	18,422	(69,587)	(69,587)
Coigeartú ar Phinsean Cistithe Iarchurtha	21	(18,422)	(18,422)	69,587	69,587
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		6,389	6,365	228	331
Arna léiriú ag:					
Ioncam cuimsitheach dearlaice don bhliain		-	-	-	-
Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain	23	(243)	(250)	29	25
Ioncam cuimsitheach neamhsrianta don bhliain		6,632	6,615	199	306
		6,389	6,365	228	331
Barrachas don bhliain inchurtha i leith:					
Leasanna neamh-urlámhais		-	-	-	-
Ollscoil		6,389	6,365	228	331
Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leantacha.					

Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe ar Chúlchistí
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020


Comhdhlúite	An cuntas ioncaim agus caiteachais			Iomlán gan leasanna neamh-urlámhais san áireamh	Leasanna neamh-urlámhais	Iomlán
	<i>Dearlaic</i>	<i>Srianta</i>	<i>Neamhshrianta</i>			
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2018	-	1,120	113,068	114,188		114,188
Barrachas ón Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach	-	29	199	228	-	228
Scaoileadh cistí srianta a caitheadh le linn na bliana	-	-	-	-	-	-
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	-	29	199	228	-	228
Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2019		1,149	113,267	114,416		114,416
Barrachas ón Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach	-	282	6,632	6,914	-	6,914
Scaoileadh cistí srianta a caitheadh le linn na bliana	-	(525)	-	(525)	-	-
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		(243)	6,632	6,389	-	6,389
Iarmhéid ar an 30 Meán Fómhair 2019	-	906	119,899	120,805	-	120,805

Ollscoil	An cuntas ioncaim agus caiteachais			Iomlán gan leasanna neamh-urlámhais san áireamh	Leasanna neamh-urlámhais	Iomlán
	<i>Dearlaic</i>	<i>Srianta</i>	<i>Neamhshrianta</i>			
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2018	-	1,090	112,862	113,952	-	113,952
Barrachas ón Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach	-	25	306	331	-	331
Scaoileadh cistí srianta a caitheadh le linn na bliana	-	-	-	-	-	-
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	-	25	306	331	-	331
Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2018	-	1,115	113,168	114,283	-	114,283
(Easnamh) Barrachas ón Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach	-	(358)	6,615	6,257	-	6,257
Scaoileadh cistí srianta a caitheadh le linn na bliana	-	108	-	108	-	-
(Caiteachas) Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	-	(250)	6,615	6,365	-	6,365
Iarmhéid ar an 30 Meán Fómhair 2019	-	865	119,783	120,648	-	120,648

Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar an Staid Airgeadais
An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2020

		2020		2019	
	Nótaí	Comhdhlúite €'000	Ollscoil €'000	Comhdhlúite €'000	Ollscoil €'000
Sócmhainní neamhreacha					
Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh	12	236,751	236,751	226,402	226,402
Sócmhainní Oidhreacht	13	382	382	382	382
Réadmhaoin Infheistíochta	15	1,750	1,750	2,000	2,000
Infheistíochtaí	17	1	1	1	1
Infheistíocht i gcomhfhiontar	16	-	-	485	485
		<u>238,884</u>	<u>238,884</u>	<u>229,270</u>	<u>229,270</u>
Sócmhainní reatha					
Infháltais trádála agus eile	18	28,453	28,505	17,236	17,292
Airgead agus coibhéisí airgid	24	76,862	76,644	75,450	75,269
		<u>105,315</u>	<u>105,149</u>	<u>92,686</u>	<u>92,561</u>
Lúide: Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	19	(65,666)	(65,657)	(57,252)	(57,260)
		<u>39,649</u>	<u>39,492</u>	<u>35,434</u>	<u>35,301</u>
Glansócmhainní reatha					
		<u>278,533</u>	<u>278,376</u>	<u>264,704</u>	<u>264,571</u>
Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha					
Creidiúnaithe: méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	20	(68,753)	(68,753)	(72,615)	(72,615)
Forálacha					
Soláthairtí do phinsin	21	(577,559)	(577,559)	(573,144)	(573,144)
Pinsean infhaighte		577,559	577,559	573,144	573,144
		<u>209,780</u>	<u>209,623</u>	<u>192,089</u>	<u>191,956</u>
Glansócmhainní iomlána					
Deontas Caipitil Stáit	14	88,975	88,975	77,673	77,673
Cúlchistí Srianata					
Cúlchiste ioncaim agus caiteachais - cúlchiste srianata	23	906	865	1,149	1,115
Cúlchistí Neamhshrianata					
Cúlchiste ioncaim agus caiteachais - cúlchiste neamhshrianata		119,899	119,783	113,267	113,168
Cúlchiste Iomlán Ioncaim agus Caiteachais		<u>120,805</u>	<u>120,648</u>	<u>114,416</u>	<u>114,283</u>
		<u>209,780</u>	<u>209,623</u>	<u>192,089</u>	<u>191,956</u>

D'fhaomh an tÚdarás Ceannais na Ráitis Airgeadais ar leathanach 28 go leathanach 52 ar an 25 Márta 2021 agus tá siad sínithe thar a cheann ag:



An tOllamh Philip Nolan
Uachtarán



An Dr Mike O'Malley
Sparánaí

Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid

An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh bharrachas oibriúcháin na gcomhfhiontar agus na gcomhlachas		6,882	(67)
Coigeartú do mhíreanna neamhairgid			
Dímheas	12	8,256	8,580
Deontais iarchurtha chaipitil scaoilte chuig ioncam	14	(2,931)	(2,975)
(Laghú)/Méadú ar infháltais	18	(4,360)	1,575
Méadú ar chreidiúnaithe	19	8,342	2,918
Ioncam infhála ó infheistíocht	7	(133)	(223)
Dáileadh ó chomhfhiontar	16	250	-
Cáin Íoctha		(58)	-
Ús léasa		53	
Coigeartú do ghníomhaíochtaí infheistíochta nó maoinithe			
Ús iníoctha	10	1,601	1,564
Glan insreabhadh airgid ó oibriúcháin		<u>17,902</u>	<u>11,372</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Fáltais ó dheontais chaipitil		7,376	1,671
Ioncam ó infheistíocht	7	133	223
Íocaíochtaí a rinneadh chun sócmhainní seasta a fháil		(18,408)	(7,059)
Fáltais ó dhíol sócmhainní seasta		50	2
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		<u>(10,849)</u>	<u>(5,163)</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús íoctha	10	(1,601)	(1,564)
Aisíocaíocht léasa		(219)	-
Aisíocaíocht iasachta	20	(3,821)	(2,536)
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais		<u>(5,641)</u>	<u>(4,100)</u>
Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid sa bhliain		<u>1,412</u>	<u>2,109</u>
Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana	24	75,450	73,341
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	24	<u>76,862</u>	<u>75,450</u>
Gluaiseachtaí in airgead agus i gcoibhéisí airgid		<u>1,412</u>	<u>2,109</u>

Glan-Imréiteach Fiach

	01-Oct-19	Athruithe Sreabhadh A Neamhairg	30-Sep-20
Airgead	75,450	1,412	76,862
<u>Iasachtaí</u>			
Iasacht BEI	(73,291)	3,821	(69,470)
Léas Airgeadais	(3,219)	57	(3,162)
Glanfhiach Iomlán	<u>(1,060)</u>	<u>5,290</u>	<u>4,230</u>

1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Tá achoimre thíos ar na beartais chuntasaíochta a meastar iad a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus na bliana roimhe sin.

A Bonn an ullmhúcháin agus ráiteas comhlíonta

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhun gnóthas leantach. Tá an tÚdarás Ceannais sásta, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar na réamh-mheastacháin maidir le buiséad agus sreabhadh airgid, go bhfuil dóthain acmhainní ag an Ollscoil chun feidhmiú ar feadh dhá mhí dhéag ó shíniú na ráiteas airgeadais ar a laghad. D'fhorbair an Ollscoil an buiséad agus rinne sí an sreabhadh airgid sa todhchaí a shamhaltú i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an t Údarás um Ard-Oideachas. In ainneoin phaindéim dhomhanda Covid- 19, chruthaigh an Ollscoil barrachas de €6.3m in 2019/20. Tharla an barrachas de bharr bainistíocht airgeadais a bhí stuama agus leanfaidh sé sin ar aghaidh go dtí 2020/21 agus ina dhiaidh sin.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta (SORP) - Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas - (ach amháin go n-aithnítear an deontas caipitil stáit iarchurtha i gcúlchistí seachas laistigh de chreidiúnaithe) agus i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) a d'eisigh an Chomhairle um Thuairiscí Airgeadais agus atá á fhógairt le húsáid in Éirinn ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

B Bonn an Chomhdhlúthaithe

Cuimsíonn na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais an Ollscoil agus a cuid fochuideachtaí go léir don bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2020. Tá na torthaí d'fhochuideachtaí a fuarthas nó a diúscraíodh le linn na tréimhse san áireamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach ó dháta an fhála go dtí dáta na diúscartha. Déantar iarmhéideanna inghrúpa a dhíothú ach a ndéantar comhdhlúthú.

Níl ioncam agus caiteachas Aontas na Mac Léinn san áireamh sna Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais mar nach bhfeidhmíonn an Ollscoil rialú ná tionchar ceannasach ar chinntí beartais.

C Aitheantas Ioncaim

Déantar ioncam ó infheistíocht a chur do shochar an ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ar bhonn infhaighte.

Aithnítear táillí acadúla sa tréimhse lena mbaineann siad. Tugtar cuntas ar Sparánachtaí agus ar scoláireachtaí mar ollchaiteachas agus ní bhaintear as ioncam iad.

Cistiú Deontais Stáit

Aithnítear deontais ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) nó ó chomhlachtaí eile bunaithe ar an múnla fabhráithe agus déantar iad a thomhas ag an luach cóir a fuarthas nó atá infhaighte. Déantar deontais a aicmiú de réir mar a bhaineann siad le hioncam nó le sócmhainní. Aithnítear deontais athfhillteacha agus neamh-athfhillteacha a bhaineann le teacht isteach mar ioncam thar an tréimhse ina n-aithnítear na costais ghaolmhara. Aithnítear deontais ón ÚAO nó ó chomhlachtaí rialtais a fuarthas i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta thar shaolré fhóna ionchasach na sócmhainne. Nuair a dhéantar cuid den deontas a iarchur, aithnítear é mar ioncam iarchurtha. Aithnítear Deontais Stáit a fhaightear chun talamh a cheannach faoin múnla feidhmíochta i gcomhréir leis an SORP.

Deontais Taighde

Aithnítear ioncam ó dheontais taighde agus ó fhoinsí nach foinsí rialtais iad ar an múnla feidhmíochta .i. aithnítear ioncam sa mhéid agus gur comhlíonadh coinníollacha maidir le feidhmíocht. Go ginearálta, bíonn seo ar cóimhéid le suim an chaiteachais ábhartha a thabhaítear le linn na bliana mar aon le haon ranníocaíochtaí gaolmhara i leith forchostas.

Tabhartais agus Dearlaicí

Déantar ioncam ó infheistíocht agus luachmhéadú dearlaicí a thairgeadh sa bhliain ina dtagann siad chun cinn, agus mar ioncam srianta nó mar ioncam neamhsrianta, de réir na dtéarmaí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gciste dearlaice aonair. Tá ceithre phríomhchineál tabhartas agus dearlaicí laistigh de na cúlchistí.

1. Tabhartais shrianta

Tá sé sonraithe ag an deontóir go gcaithfear an tabhartas a úsáid do chuspóir ar leith.

2. Dearlaicí neamhsrianta buana

Tá sé sonraithe ag an deontóir go gcaithfear an ciste a infheistiú go buan chun sruth ioncaim a ghiniúint a bheidh mar bhuntáiste ginearálta don Ollscoil.

3. Dearlaicí srianta indiúscartha

Tá cuspóir faoi leith sonraithe ag an deontóir seachas ceannach nó tógáil sócmhainní seasta inláimhsithe, agus tá sé de chumhacht ag an Ollscoil an caipiteal a úsáid.

4. Dearlaicí srianta buana

Tá sé sonraithe ag an deontóir go gcaithfear an ciste a infheistiú go buan chun sruth ioncaim a ghiniúint a bheidh le cur i bhfeidhm ar chuspóir ar leith.

Is tabhartais agus dearlaicí iad idirbhearta nach dtarlaíonn malartú iontu agus nach bhfuil coinníollacha feidhmíochta ag gabháil leo. Aithnítear in ioncam tabhartais agus dearlaicí a bhfuil srianta orthu, ar srianta iad atá forchurtha ag an deontóir, nuair atá an Ollscoil i dteideal na gcistí. Coinnítear an t-ioncam laistigh de chúilchistí srianta nó go dtí go ndéantar é a úsáid i gcomhréir le srianta den sórt sin agus ag an bpointe sin scaoiltear an t-ioncam chuig na cúlchistí ginearálta trí aistriú cúlchistí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)

An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta - ar lean

D Cuntasaíocht do Shochair Scoir

Tá trí scéim shainithe sochar pinsin á bhfeidhmiú ag an Ollscoil, faoi mar a shonraítear i Nóta 21. Tugtar cuntas ar chostais pinsin ar bhonn táille a ghearradh ar an gcostas a bhaineann le pinsin a sholáthar thar an tréimhse ina mbaineann an Ollscoil leas as seirbhísí na bhfostaithe.

Ríomhtar méideanna maidir le costais seirbhíse reatha agus roimhe seo, torthaí ar shócmhainní agus an costas úis ar dhliteanais na scéimeanna, agus ríomhtar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha i gcomhréir le FRS 102, agus aithnítear méideanna comhionanna de bhun shocrú an aistrithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Is ionann ranníocaíochtaí leis an scéim agus costas ar an ollscoil agus cuirtear de mhuiреar iad ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Faoi mar a shonraítear tuilleadh i nóta 21, aithníodh sócmhainn chistithe iarchurtha phinsin comhionann le dliteanais phinsin na hOllscoile.

E Sochair Fostaíochta

Aithnítear sochair fostaíochta gearrthéarmacha mar thuarastail agus neamhláithreacht chúitithe mar chostas sa bhliain ina dtugann na fostaithe seirbhís don Ollscoil. Fabhraítear aon sochair nár úsáideadh agus déantar iad a thomhas mar an méid breise a bhfuiltear ag súil go n-íocfaidh an Ollscoil é mar thoradh ar an teidliocht nár úsáideadh.

F Léasanna Airgeadais

Aicmítear mar léasanna airgeadais na léasanna ina nglacann an Ollscoil leis na rioscaí agus na luaíochtaí go léir nach mór a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne atá ar léas. Aithnítear sócmhainní ar léas a fuarthas trí léas airgeadais agus na dliteanais léasa comhfhreagracha i dtús báire ag méid atá cothrom leis an méid is ísle dá luach cóir agus de luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa nuair a tionscnaíodh an léas.

Déantar íocaíochtaí léasa a chionroinnt idir an muirear airgeadais agus an laghdú ar an dliteanas gan íoc. Déantar an muirear airgeadais a leithdháileadh ar gach tréimhse le linn théarma an léasa chun ráta úis seasmhach tréimhsiúil ar iarmhéid an dliteanais atá fanta a tháirgeadh.

G Léasanna Oibriúcháin

Déantar costais i dtaca le léasanna oibriúcháin a ghearradh ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa. Déantar aon phréimheanna nó aon dreasachtaí léasa a scaipeadh thar théarma íosta an léasa.

H Airgeadra Coigríche

Cuirtear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí iasachta i gcuntas agus leas á bhaint as an meánráta aistrithe don tréimhse. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a ainmnítear in airgeadraí iasachta go euro ag rátaí dheireadh na bliana nó, nuair a bhíonn réamhchonarthaí gaolmhara aistrithe iasachtaigh i gceist, ag rátaí conartha. Déileáiltear le difríochtaí iarmharacha sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain.

I Cánachas

Mar charthanacht dhíolmhaithе, níl an Ollscoil faoi dhliteanas Cáin Chorporáide nó Cáin Ioncaim a íoc ar aon cheann dá gníomhaíochtaí carthanachta. Tá sí cláraithe le haghaidh Cáin Bhreisluacha ach mar gheall gur gníomhaíocht dhíolmhaithе oideachas a sholáthar nach ngearrtar aon cháin aschuir air, ní féidir léi cáin ionchuir a aisghabháil ar thromlach a ceannachán.

Déantar gníomhaíochtaí trádála a ghabhann an Ollscoil de láimh a riar trína fochuideachtaí, atá faoi dhliteanas Cáin Chorporáide a íoc mar gur eagraíochtaí tráchtála iad. B'eintеas trádála tráchtála é Innovation Value Services Ltd a corpraíodh in 2015/2016 agus is fochuideachta faoi úinéireacht iomlán Ollscoil Mhá Nuad é agus ní raibh sé díolmhaithе ó cháin corporáide. Chuaigh an chuideachta sin faoi leachtú ar an 31 Deireadh Fómhair 2019.

Tá an Ollscoil faoi dhliteanas cáin corporáide eachtrach a íoc ar ioncam a shaothraigh Coláiste Idirnáisiúnta Innealtóireachta Mhá Nuad (MIEC) sa tSín. Déantar an cháin a ríomh ar an ioncam comhlán ó tháillí agus tá sí bunaithe ar rialacha cánach na Síne.

Cánachas Iarchurtha

I bhfochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanachta acu, soláthraítear cánachas iarchurtha ar gach difríocht uainithe a d'eascair ach nár aisiompaíodh ag dáta dheireadh na bliana nuair a tharla idirbhearta nó imeachtaí a raibh sé mar thoradh orthu gur leagadh dualgas chun cáin bhreise a íoc sa todhchaí nó gur bronnadh an ceart níos lú cánach a íoc sa todhchaí ag deireadh na bliana.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí uainithe idir brabúis amhail a ríomhtar ar mhaithe le cuspóirí cánachais iad agus brabúis amhail a shonraítear sna ráitis airgeadais a eascraíonn mar gheall go ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachas sna ráitis airgeadais i dtréimhsí cuntasaíochta éagsúla ar mhaithe le cuspóirí cánachais.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina bhfuiltear ag súil go n-aisiompófar na difríochtaí uainithe, bunaithe ar na rátaí cánach agus ar na dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta dheireadh na bliana. Ní dhéantar cáin iarchurtha a fhágáil as an áireamh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)

An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta - ar lean

J Sócmhainní Seasta inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide cailteanais ó dhímheas carntha agus ó laige charntha. Déantar míreanna áirithe de shócmhainní seasta a ndearnadh iad a athluacháil chuig luach cóir ar nó roimh dháta an trasdulta chuig FRS102, a thomhas ar bhonn costas measta, arb ionann é agus an méid athluacháilte ag dáta na hathluachála sin.

Nuair atá saolréanna ionchais éagsúla ag codanna de shócmhainn seasta, tugtar cuntas orthu mar mhíreanna ar leith de shócmhainní seasta.

Talamh agus Foirgnimh

Déantar talamh agus foirgnimh a thomhas agus úsáid á baint as an múnla costais, mar sin féin, mar chuid de na socruithe idirthréimhseacha de réir FRS102, tá athluacháil de €15.985m go dtí €25m déanta ar an talamh amhail ar an 1 Deireadh Fómhair 2014. Is é sin an costas measta sa todhchaí.

Déantar costais a thabhaítear i dtaca le talamh agus foirgnimh tar éis iad a cheannach nó a thógáil i dtús báire, agus sula ndéantar luacháil orthu, a chaipitliú sa mhéid agus go méadaíonn siad na sochair ionchasacha sa todhchaí don Ollscoil.

Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe seachas réadmhaoin infheistíochta agus talamh ruilse, ag rátaí a ríomhtar chun an costas lúide an luach iarmharach a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré ionchais mar seo a leanas:

Foirgnimh agus Bonneagar

10 go 50 bliain

Ní dhéantar talamh léasach a dhímheas mar go bhfuil saol úsáideach gan teorainn aici

Ní ghearrtar aon dímheas ar shócmhainní atá á dtógáil.

Trealamh

Aithnítear mar chaiteachas trealamh, lena n-áirítear ríomhairí agus bogearraí, a chosain níos lú ná €10,000 in aghaidh an earra aonair, Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ar a chostas.

Luaitear trealamh caipitlithe ar a chostas agus déantar é a dhímheas thar a shaolré ionchais mar seo a leanas:

Trealamh Ríomhaireachta	3 bliana
Daingneáin agus Feistis	5 go 10 mbliana
Trealamh Eile	5 bliana
Mótarfheithiclí	5 bliana
Saothair Ealaíne	Gan a bheith dímheasta

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna dímheasta, saolréanna ionchais agus luachanna iarmharacha ar an dáta ar a ndéantar gach Ráiteas ar Staid Airgeadais a ullmhú.

Sa chás go bhfaightear trealamh le cúnamh ó dheontais shonracha stáit, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas i gcomhréir leis an mbeartas thuas, agus breactar an deontas gaolmhar do shochair an chuntais deontais iarchurtha caipitil agus scaoiltear é leis an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach thar shaolré fhónta ionchasach an ghealltanais ghaolmhair.

Sócmhainní Oidhreacht

Tá dhá bhailiúchán de shócmhainní oidhreacht i seilbh na hOllscoile, a dtugtar cuntas orthu mar seo a leanas.

Saothair Ealaíne:

Cuimsíonn sé seo bailiúchán de phictiúir agus de dhealbha. Déantar iad a thuairisciú sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar a gcostas. Tá saolré éiginnte ag na Saothair Ealaíne agus mar sin ní dhéantar iad a dhímheas.

Bailiúcháin Leabharlainne:

Tá roinnt bailiúchán leabharlainne i seilbh na hOllscoile, a bhfuil spéis náisiúnta, stairiúil, chultúrtha agus liteartha ag baint leo. Faightear éadálacha trína gceannach nó mar thabhartais. Aithnítear bailiúcháin a ceannaíodh ar a gcostas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ní féidir luachálacha i gcomhair bailiúchán a fuarthas mar thabhartais a fháil le réasún agus mar sin ní aithnítear iad sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

k Costais Iasachtaí

Aithnítear costais iasachtaí mar chaiteachas sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta - ar lean

L Réadmhaoin Infheistíochta

Is é atá i gceist le réadmhaoin infheistíochta ná talamh agus foirgnimh a choinnítear i gcomhair ioncam cíosa nó luachmhéadú caipitil. Déantar réadmhaoin infheistíochta a thomhas ar a luach i dtús báire agus ina dhiaidh sin déantar í a thomhas ag luach cóir agus aithnítear gluaiseachtaí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Déanann luachálaithe neamhspleácha gairmiúla tríú páirtí réadmhaoin infheistíochta a athluacháil go bliantúil agus ní dhéantar í a dhímheas ná a amúchadh.

M Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí in eintitis atá faoi chomhrialú, i gcomhlaigh agus i bhfochuideachtaí a iompar ar a gcostas lúide laige i gcuntais. Coinnítear infheistíochtaí a bhaineann le sócmhainní reatha ag luach cóir agus aithnítear gluaiseachtaí sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaitechas Cuimsitheach.

N Airgead agus Coibhéisí Airgid

Cuimsíonn airgead ar láimh, earlaisí atá inaisíochta ar éileamh agus rótharraingtí. Tá earlaisí inaisíochta ar éileamh má dhéantar sin de réir cleachtais.

Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá an-leachtach agus atá inmhalartaithe go héasca ar mhéideanna aitheanta airgid gan aon bhaol suntasach go n-athróidh a luach.

O Ionstraimí Airgeadais

Aithnítear ionstraimí airgeadais, sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nuair a thiocfaidh an Grúpa le bheith ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime.

Sócmhainní Airgeadais

Déantar sócmhainní airgeadais bunúsacha, lena n-áirítear infháltais trádála agus eile, airgead agus coibhéisí airgid, earlaisí gearrthéarmacha agus infheistíochtaí i mbannaí corparáide, a aithint i dtús báire ag praghas an idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), ach amháin más ionann an socrú agus idirbheart maoinithe. Nuair is ionann an socrú agus idirbheart airgeadais, déantar an tsócmhainn airgeadais atá mar thoradh air a thomhas i dtús báire ag luach reatha na bhfáltais sa todhchaí arna lascainiú ag ráta úis an mhargaidh ar ionstraim fiachais den chineál céanna. Déantar infháltais trádála agus eile, airgead agus coibhéisí airgid, infheistíochtaí i mbannaí corparáide agus i sócmhainní airgeadais a chuimsíonn idirbhearta airgeadais a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus feidhm á baint as modh an úis ghlain. Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheas i gcomhair fianaise oibiachtúil ar laige. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sócmhainn airgeadais ar chostas amúchta lagaithe, aithnítear caillteanas ó laige sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach. Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chaillteanais ó laige agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le himeacht a tharla i ndiaidh an laige a aithint, déantar an caillteanas ó laige a aithníodh roimhe sin a fhreascur. Is freascur de chineál é a fhágann nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas ó laige roimhe sin. Aithnítear an freascur ar laige sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach. Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha sreabhadh airgid a fháil ón tsócmhainn in éag nó nuair a shocraítear iad nó (b) go n-aistrítear nach mór na rioscaí agus na luaíochtaí go léir a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne chuig páirtí eile nó (c) gur aistríodh rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile agus go bhfuil an cumas praiticiúil ag an bpáirtí sin an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le páirtí neamhghaolmhar gan aon srianta breise a fhorchur.

Dlíteanais Airgeadais

Déantar dlíteanais bhunúsacha airgeadais, lena n-áirítear suimeanna iníochta i leith trádála agus eile, iasachtaí bainc, iasachtaí ó chomhchuideachtaí grúpa agus scaireanna tosaíochta, a aithint i dtús báire ag praghas an idirbhirt, ach amháin sa chás gurb ionann an socrú agus idirbheart maoinithe. Nuair is ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, déantar an dlíteanas airgeadais atá mar thoradh air a thomhas i dtús báire ag luach reatha na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ag ráta úis an mhargaidh ar ionstraim fiachais den chineál céanna. Déantar suimeanna iníochta i leith trádála agus eile, iasachtaí bainc, iasachtaí ó chomhchuideachtaí grúpa agus scaireanna tosaíochta agus dlíteanas airgeadais ó shocruithe arb ionann iad agus idirbhearta maoinithe a iompar ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus feidhm á baint as modh an úis ghlain. Is oibleagáidí maidir le híoc as earraí agus seirbhísí a fuarthas ó sholáthraithe i ngnáthchúrsa gnó iad suimeanna iníochta i leith trádála. Déantar suimeanna iníochta i leith trádála a aicmiú mar íocaíochtaí atá dlite laistigh de bhliain amháin má tá an íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú ná sin. Mura bhfuil, cuirtear i láthair iad mar íocaíochtaí atá dlite tar éis breis agus bliain amháin. Aithnítear suimeanna iníochta i leith trádála ag praghas an idirbhirt i dtús báire agus ina dhiaidh sin déantar iad a thomhas ar luach amúchta agus feidhm á baint as modh an úis ghlain. Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair atá an dlíteanas múchta, is é sin nuair atá an oibleagáid chonarthathe comhlíonta, curtha ar ceal nó nuair a théann sí in éag.

P Forálacha, Dliteanais Theagmhach agus Sócmhainní Teagmhach

Aithnítear forálacha sna ráitis airgeadais sa chás:

- go bhfuil oibleagáid reatha ar an Ollscoil (dlíthiúil nó inchiallaithe) mar thoradh ar tharlú roimhe seo;
- gur dócha go dteastóidh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíocha chun an oibleagáid a shocrú; agus
- gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar an méid a aithnítear mar fhoráil a chinneadh tríd an sreabhadh airgid ionchasach sa todhchaí a lascainiú ag ráta roimh cháin a léiríonn rioscaí.

Q Cuntasaíocht do Chomhlaigh

Eintíteas is ea comhlach a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa air agus nach fochuideachta ná leas i gcomhfhiontar atá ann. Déantar torthaí agus sócmhainní agus dliteanais comhlach a chorprú sna ráitis chomhdhlúite airgeadais agus feidhm á baint as modh cuntasaíochta an chothromais.

R Cuntasaíocht i gcomhair Comhfhiontar

Déantar torthaí agus sócmhainní agus dliteanais an chomhfhiontair a chorprú sna ráitis chomhdhlúite airgeadais agus feidhm á baint as modh cuntasaíochta an chothromais.

S Cúlchistí

Déantar cúlchistí a aicmiú mar chúlchistí sianta nó neamhsrianta. Cuimsíonn cúlchistí srianta dearlaice iarmhéideanna, mar dhearlaic don Ollscoil, a choinnítear mar chiste atá srianta go buan agus nach mór don Ollscoil é a choinneáil go deo.

I measc na gcúlchistí srianta eile tá iarmhéideanna nuair atá cuspóir faoi leith ainmnithe ag an deontóir agus dá bhrí sin go bhfuil srian ar an Ollscoil maidir le húsáid na gcistí sin.

2 Breithiúnais chuntasaíochta rithabhachtacha agus príomhfhoinse éiginnteacht an mheastacháin.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, éilítear ar an Ollscoil breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear mar shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas. Déantar na meastacháin agus na foshuíomhanna gaolmhara a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Is iad seo a leanas na príomhbhreithiúnais, na príomh-mheastacháin agus na príomh-fhoshuíomhanna a úsáidtear sna ráitis airgeadais:

1. Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh

Déantar dímhéas a ríomh bunaithe ar mheastacháin agus ar fhoshuíomhanna maidir le saolré eacnamaíoch fhónta agus luach iarmharach tuartha na sócmhainne.

2. Réadmhaoin infheistíochta

Déantar réadmhaoin infheistíochta a mheas ag a luach cóir. Déanann luachálaí gairmiúil neamhspleách athluacháil ar réadmhaoin infheistíochta go bliantúil.

3. Laige

Úsáidtear breithiúnas chun a fháil amach an raibh aon léiriú ar lagú ar shócmhainní na hOllscoile.

4. In-aisghabhálacht féichiúnaithe

Déantar an soláthar do dhrochfhiach a ríomh bunaithe ar ionchas na bainistíochta i ndáil le hin-aisghabhálacht an fhéich. Nuair a bhíonn soláthar do dhrochfhiach á ríomh, cuirtear na tosca seo a leanas san áireamh: próifíl aoise an fhéich, taithí stairiúil, staid reatha an fhéichiúnaí agus dálaí reatha an mhargaidh.

5. Sochair Fostaí

Tá an fabhrú do shaoire a saothraíodh ach nár tógadh bunaithe ar mheastacháin ar an tsaoire iomlán lúide an tsaoire a tógadh.

6. Soláthairtí do phinsin

Déantar an soláthar do phinsin a ríomh bunaithe ar fhoshuíomhanna achtúireacha a sholáthraíonn achtúire go bliantúil. Tá rátaí lascaine, arduithe tuarastail, arduithe pinsin agus méaduithe ar bhoilsciú san áireamh sna foshuíomhanna achtúireacha. Tá an dliteanas i leith forlónadh pinsin (i.e. méaduithe i ndiaidh scoir) san áireamh taobh istigh den dliteanas a measadh go hachtúireach do gach

Léiríonn an t-aitheantas a thugtar don chuid den tsócmhainn phinsin a bhaineann le Scéim Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (Dúnta) 2009, agus leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair na forálacha reachtúla do mhaoiniú na scéimeanna sin. Léiríonn an t-aitheantas a thugtar don tsócmhainn phinsin a bhaineann le Scéim Aoisliúntais Fhostaithe Ollscoil na hÉireann, Má Nuad 2007 (an Scéim Eiseamláireach) agus leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Stát cistiú ar fáil go leanúnach chun freastal ar dhliteanais phinsin ghaolmhara de réir mar a bhíonn siad dlite agus tá bonn tuisceana ann go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm ar dtús i dtreo speansais reatha agus go bhfreastalóidh cistiú ón Stát ar aon easnamh acmhainní chun dliteanais maidir le sochair scoir a mhaoiniú amach anseo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

3 Deontas Stáit	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
Deontas athfhillteach				
Deontas ón Údarás um Ard-Oideachas do chuspóirí athfhillteacha	31,464	31,464	26,423	26,423
	31,464	31,464	26,423	26,423

Deontóir	Fabhrú Tosaigh 1 D. Fómh. 2019	Deontas Faighte 19/2010	(Iarchur)/Fabhrú deiridh 19/2010	An méid a tógadh Chuig Ioncam Meán Fómhair 2020
	€'000	€'000	€'000	€'000
An tÚdarás um Ard-Oideachas	(984)	33,644	(3,164)	31,464
	(984)	33,644	(3,164)	31,464

Is ionann an méid deiridh de €3.164m agus iarchur de €4.893m agus fabhrú de €1.729m. Baineann an €1.729m le deontas sa bhreis maidir le Covid-19.

4 Táillí Mac Léinn	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
Ioncam Táillí Fochéime	65,289	65,289	58,928	58,928
Ioncam Táillí Iarchéime	12,066	12,066	11,038	11,038
Ioncam Táillí Ilchineálacha	997	997	1,896	1,896
Tobhach Mac Léinn	1,754	1,754	1,678	1,678
	80,106	80,106	73,540	73,540

Deontóir	Iarchur Tosaigh 1 D. Fómh. 2019	Deontas Faighte 19/2010	Iarchur Deiridh 19/2010	An méid a tógadh Chuig Ioncam Meán Fómhair 2020
	€'000	€'000	€'000	€'000
An tÚdarás um Ard-Oideachas	-	32,024	-	32,024
Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn	-	11,937	-	11,937
	-	43,961	-	43,961

5 Deontais agus Conarthaí Taighde	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
Stát agus Státurraithe	8,521	8,521	9,114	9,114
Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach	14,416	14,416	12,944	12,944
An tAontas Eorpach	11,521	11,521	2,736	2,736
Tionscal agus tráchtáil	336	336	424	424
Eile	655	818	466	466
Forchostas Taighde	2,270	2,270	2,383	2,383
	37,719	37,882	28,067	28,067

Príomhdheontóirí	(Fabhrú) Iarchur Tosaigh 1 D. Fómh. 2019	Deontas Faighte 19/2010	(Fabhrú) Iarchur Deiridh 19/2010	An méid a tógadh Chuig Ioncam Meán Fómhair 2020
	€'000	€'000	€'000	€'000
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	2,912	4,226	2,009	5,129
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	28	28	21	35
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	3	414	(122)	539
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	36	437	167	306
An Roinn Sláinte	507	625	624	508
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	-	17	7	10
Fiontraíocht Éireann	(1,048)	1,341	(641)	934
An tÚdarás um Ard-Oideachas	5,785	14,161	5,360	14,586
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	1,134	2,903	1,826	2,211
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	84	190	65	209
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	5	16	-	21
Roinn an Taoisigh	-	8	-	8
An Roinn Dlí agus Cirt	14	32	14	32
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	-	7	2	5
An Roinn Oideachais	-	-	1	(1)
	9,460	24,405	9,333	24,532

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
6 Ioncam Eile				
Árais Chónaithe	4,555	4,555	5,497	5,497
Cíosanna agus lamháltais	260	260	997	997
Ioncam eile	7,026	6,997	6,766	6,612
	<u>11,841</u>	<u>11,812</u>	<u>13,260</u>	<u>13,106</u>

Is í gné an Stáit d'ioncam eile ná:

	Fabhrú/(Iarchur)		(Fabhrú) Iarchur	
	Tosaigh	Deontas Faighte	Deirídh 1 méid a tógadh	Chuig Ioncam
	1 D. Fómh. 2019	19/20	Meán Fómhair 2020	
Deontóir	€'000	€'000	€'000	€'000
ÚAO	(1,694)	4,357	(2,315)	3,736
Fiontraíocht Éireann	(75)	723	(139)	659
An Roinn Oideachais	32	153	22	143
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	196	448	29	281
Tulsa	-	160	(60)	100
	<u>(1,541)</u>	<u>5,841</u>	<u>(2,463)</u>	<u>4,919</u>

	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
7 Ioncam ó Infheistíocht				
Ioncam ó infheistíocht	108	108	156	156
Ús infhaighte	25	25	67	67
	<u>133</u>	<u>133</u>	<u>223</u>	<u>223</u>

	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
8 Cánachas				
Aitheanta sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach				
Cáin reatha				
Costas cánach eachtraí reatha*	58	58	-	-
Costas cánach reatha	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>-</u>

* Baineann costais chánach na bliana reatha le cáin a fíodadh ar ioncam táilli mac léinn ó Choláiste Idimáisiúnta Oideachais Mhá Nuad (MIEC) sa tSín.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)

An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
9 Costais Foirne				
Tuarastail*	76,809	76,809	72,414	72,288
Costais Slándála Sóisialta	7,209	7,209	6,712	6,705
Pinsean Fostóra	3,878	3,878	3,765	3,763
Costas Seirbhíse Pinsin FRS102	24,024	24,024	18,779	18,779
Iomlán	111,920	111,920	101,670	101,535

*Cuimsíonn tuarastail suim de €0.071m i gcomhair liúntas atá faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2019: €0.092m) agus ragobair €0.005m (2019: €0.011m).

B'ionann íocaíochtaí Foircinn/Scaoilíocaíochtaí (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) agus €0.888m (2019: €0.437m). Fuair 27 duine san iomlán íocaíochtaí foircinn.

B'ionann íocaíochtaí foircinn/scaoilíocaíochtaí (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) a raibh luach comhiomlán de bhreis agus €10,000 orthu agus €0.826m (2019: €0.399m).

Maidir le scaoilíocaíochtaí, bhí cás amháin ann ina ndearnadh comhaontú lánroghnach maidir le blianta breise sa bhliain reatha (Ní raibh cás ar bith ann an bhliain roimh sin). Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna é sin. Bhí an duine i dteideal ceithre bliana go leith sa bhreis.

Luach saothair foirne eile atá ar thuarastal ard, gan ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe san áireamh.

	2020	2019
	Uimhir	Uimhir
€60,000 go €70,000	100	91
€70,001 go €80,000	72	67
€80,001 go €90,000	135	122
€90,001 go €100,000	89	86
€100,001 go €110,000	21	21
€110,001 go €120,000	29	36
€120,001 go €130,000	10	9
€130,001 go €140,000	11	7
€140,001 go €150,000	11	32
€150,001 go €160,000	22	1
€160,001 go €170,000	-	-
€170,001 go €180,000	1	1
€180,001 go €190,000	-	-
€190,001 go €200,000	1	1
	502	474
An líon foirne de réir mórchatagóire:	Uimhir	Uimhir
Teagasc agus Taighde	734	699
Teicniúil	44	40
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	417	397
Eile	44	64
	1,239	1,200

Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad na príomhphearsanra bainistíochta na daoine sin a bhfuil údarás acu gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a threorú agus a rialú.

	2020	2019
	€'000	€'000
Cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta		
Tuarastail	2,045	1,805
Sochair iarfhostaíochta	110	108
Sochair foircinn	-	-
	2,155	1,913

San áireamh thuas tá tuarastal an Uachtaráin, €0.197m san iomlán (2019: €0.191m). Tá an tUachtarán ina bhall den “Scéim Eiseamláireach Pinsean” agus ní théann a chuid teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

Nótaí	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
10 Us agus Costais Airgeadais Eile				
Ús agus táillí eile bainc	408	408	316	316
Ús agus táillí ar iasachtaí BEI	20 1,193	1,193	1,248	1,248
Muirear Airgeadais Pinsin	21 4,838	4,838	9,505	9,505
	<u>6,439</u>	<u>6,439</u>	<u>11,069</u>	<u>11,069</u>

	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
11 Anailís ar Chaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta				
Taisteal agus cothabháil - Náisiúnta	839	839	1,685	1,685
Taisteal agus cothabháil - Idirnáisiúnta	564	564	1,154	1,154
Fáilteachas agus féilteachas	73	73	132	132
Earraí Inchaite	2,195	2,195	2,672	2,672
Costais Ghlantacháin agus Slándála ar Conradh	1,730	1,730	1,906	1,906
Costais Fógraíochta agus PR	781	781	1,266	1,266
Deisiúcháin agus cothabháil ghinearálta	3,803	3,803	3,827	3,827
Fóntais	1,792	1,792	2,038	2,038
Ríomh-irisleabhair na leabharlainne taighde	14,167	14,167	12,960	12,960
Leabhair agus tréimhseacháin	1,411	1,411	1,614	1,614
Táillí iniúchta, gairmiúla agus comhairliúcháin *	2,156	2,146	2,193	2,162
Costais dlí	360	360	572	563
Cíos, rátaí & árachas	2,231	2,231	2,440	2,434
Caipitíocht	1,793	1,793	1,844	1,844
Scoláireachtaí	6,652	6,652	6,074	6,074
Costas Earcaíochta agus Costais a Bhaineann le Fostaithe	707	707	910	907
Costais a Bhaineann le Mic Léinn	3,076	3,076	2,434	2,434
Trealamh	4,727	4,727	3,561	3,559
Costais agus táillí eile	10,676	10,670	2,238	2,232
Scaoileadh soláthair do lagú ar shócmhainn airgeadais	-	-	-	(65)
	<u>59,733</u>	<u>59,717</u>	<u>51,520</u>	<u>51,398</u>

San áireamh i gcostais oibriúcháin eile tá táillí i ndáil le:

Iníúcháirí cúnta	7	14
Iníúchadh seachtrach (An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste)	93	85
Iníúchadh inmheánach-Mazars	89	57

***Costais chomhairleoireachta de réir catagóire**

Ailtirí/Suirbhéirí	28	68
Dearadh TF agus Comhairleoireacht	316	390
Seirbhísí Gairmiúla Míochaine	209	221
Acmhainní Daonna	180	73
Aistriúcháin/Tras-scríobh	9	23
Caidreamh Poiblí agus Margaíocht	60	36
Airgeadas	218	183
Eile	947	1,043
Iomlán na dtáillí iniúchta, gairmiúla agus comhairliúcháin	<u>2,156</u>	<u>2,193</u>

B'ionann agus €1.237m méid iomlán na gcostas sainchomhairleoireachta a caipitíodh sa bhliain reatha (2019: €1.921m).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)

An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

12 Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh

Comhdhlúite	Talamh agus Foirgnimh Ruilse €'000	Daingneáin, Feistis agus Trealamh €'000	Sócmhainní atá á dTógáil €'000	Iomlán €'000
Costas				
Ar an 1 Deireadh Fómhair 2019	277,153	27,856	5,500	310,509
Breiseanna	3,463	881	14,261	18,605
Diúscairtí	-	(341)	-	(341)
Ar an 30 Meán Fómhair 2020	280,616	28,396	19,761	328,773
Dímheas				
Ar an 1 Deireadh Fómhair 2019	63,543	20,564	-	84,107
Muirear don bhliain	5,478	2,778	-	8,256
Diúscairtí	-	(341)	-	(341)
Ar an 30 Meán Fómhair 2020	69,021	23,001	-	92,022
Glanluach de réir na leabhar				
Ar an 30 Meán Fómhair 2020	211,595	5,395	19,761	236,751
Ar an 30 Meán Fómhair 2019	213,610	7,292	5,500	226,402
Ollscoil				
Costas				
Ar an 1 Deireadh Fómhair 2019	277,153	27,856	5,500	310,509
Breiseanna	3,463	881	14,261	18,605
Diúscairtí	-	(341)	-	(341)
Ar an 30 Meán Fómhair 2020	280,616	28,396	19,761	328,773
Dímheas				
Ar an 1 Deireadh Fómhair 2019	63,543	20,564	-	84,107
Muirear don bhliain	5,478	2,778	-	8,256
Diúscairtí	-	(341)	-	(341)
Ar an 30 Meán Fómhair 2020	69,021	23,001	-	92,022
Glanluach de réir na leabhar				
Ar an 30 Meán Fómhair 2020	211,595	5,395	19,761	236,751
Ar an 30 Meán Fómhair 2019	213,610	7,292	5,500	226,402

Ar an 30 Meán Fómhair 2020, chuimsigh talamh agus foirgnimh ruilse €34.9m (2019: €31.8m) maidir le talamh ruilse agus suíomh léasaithe ar luach €3.2m (2019: €3.2m) nach ndéantar dímheas orthu.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)

An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

13 Sócmhainní Oidhreacht

Tá sócmhainní oidhreacht na hOllscoile comhdhéanta de ‘Shaothair Ealaíne’ €13,000 san iomlán agus cartlann leabharlainne ar luach €170,000 agus doiciméad stairiúil ar luach €199,000 san iomlán. Déantar iad sin a choinneáil ar a gcostas bunaidh agus ní dhéantar iad a dhímheas.

Tá roinnt bailiúchán speisialta agus cartlanna lena mbaineann spéis náisiúnta, stairiúil, chultúir agus liteartha i seilbh na leabharlainne, lena n-áirítear eagráin theoranta agus eagráin a bhfuil léaráidí iontu, cóipeanna sínithe agus lámhscríbhinní a choimeádtar go dtí na caighdeáin is airde is féidir agus tá siad ar fáil i gcomhair comhairliúcháin ach coinne a dhéanamh. Ní féidir luachálacha i gcomhair bailiúchán a fuarthas mar thabhartais a fháil le réasún agus mar sin ní aithnítear iad sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Is iad seo a leanas na héadálacha don bhliain reatha agus do na cúig bliana roimhe sin:

	2020 €'000	2019 €'000	2018 €'000	2017 €'000	2016 €'000
Costas					
ar an 1 Deireadh Fómhair	382	183	183	183	183
Breiseanna	-	199	-	-	
ar an 30 Meán Fómhair	382	382	183	183	183

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

14 Deontais Chaipitil Iarchurtha

	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000
Ar an 1 Deireadh Fómhair 2019		
Foirgnimh	74,831	74,831
Trealamh	2,842	2,842
Iomlán	77,673	77,673
Airgead Faighte/Infhaighte		
Foirgnimh	13,125	13,125
Trealamh	1,108	1,108
Iomlán	14,233	14,233
Scaoilte chuig SOCI		
Foirgnimh	2,142	2,142
Trealamh	789	789
Iomlán	2,931	2,931
Ar an 30 Meán Fómhair 2020		
Foirgnimh	85,814	85,814
Trealamh	3,161	3,161
Iomlán	88,975	88,975

Deontais Chaipitil Chomhdhlúite agus Ollscoil an Bhliain Roimhe sin.

Ar an 1 Deireadh Fómhair 2018

Foirgnimh	71,488	71,488
Trealamh	2,461	2,461
Iomlán	73,949	73,949
Airgead Faighte/Infhaighte		
Foirgnimh	5,487	5,487
Trealamh	1,212	1,212
Iomlán	6,699	6,699
Scaoilte chuig SOCI		
Foirgnimh	2,144	2,144
Trealamh	831	831
Iomlán	2,975	2,975

Ar an 30 Meán Fómhair 2019

Foirgnimh	74,831	74,831
Trealamh	2,842	2,842
Iomlán	77,673	77,673

Deontóir	Féichiúnaí Tosaigh 1 D. Fómh. 2019	Deontas Bronnta	Deontas Faighte Féichiúnaí Deiridh An 30 Meán Fómhair 2020	
	€'000	€'000	€'000	€'000
ÚAO	5,374	13,584	7,003	11,955
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	-	614	614	-
An tAontas Eorpach	-	15	15	-
An tÚdarás Fuinnimh Inmharthana	-	20	20	-
	5,374	14,233	7,652	11,955

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)

An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

15 Réadmhaoin Infheistíochta

Fuair Ollscoil Mhá Nuad punann d'aonaid tráchtála i Má Nuad i mí na Nollag 2015 ar chostas €2.050m. I gcomhréir le FRS102, déantar an réadmhaoin a thomhas ag luach cóir ag gach dáta tuairiscithe agus déantar athruithe sa luach cóir a aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Rinne Lavelle, Chartered Surveyors Limited luacháil ar an réadmhaoin ar luacháil €1.75m ar an 30 Meán Fómhair 2020 (2019: €2m). Tá caillteanas athluachála de €0.25m cláraithe sa Ráiteas ar Ioncam Chuimsitheach sa bhliain reatha.

Ní raibh aon bhreiseanna, diúscairtí nó laigí eile i gceist maidir leis an bpunann réadmhaoin. B'ionann agus €0.108m an t-ioncam cíosa a saothraíodh don bhliain (2019: €0.156m).

16 Infheistíocht i gComhfhiontar

Tá sciar 50% de Chóiríocht Chomhdhála Champas Mhá Nuad ag an Ollscoil. Is socrú áiseanna campais é seo idir Ollscoil Mhá Nuad agus Coláiste Phádraig, Má Nuad, chun úsáid a bhaint as acmhainní an dá institiúid le háiseanna comhdhála agus lóistín a sholáthar. Caitear leis an socrú mar chomhshocrú agus tugtar cuntas air ag úsáid mhodh an chothromais, ionas go ndéantar 50% de shócmhainní agus de dhliteanais chomhlána na cuideachta a chorprú sa ráiteas comhdhlúite ar staid airgeadais na hOllscoile agus déantar 50% den ghlanioncam a thuairisciú i ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas cuimsitheach na hOllscoile. In 2019/20 thabhaigh MCCA caillteanas agus de bharr timpeallacht trádála atá neamhchinnte chuir Ollscoil Mhá Nuad soláthar sa leabhar in aghaidh sciar an bhrabúis infhála.

	2020 €'000	2019 €'000
Sciar de na glansócmhainní ag a luach cóir		
Ag tús na bliana:	485	217
Íocaíochtaí a fuarthas le linn na bliana	(250)	-
(Caillteanas)/ barrachas an sciar de bharrachas an chomhfhiontar sa bhliain	(113)	268
Soláthar in aghaidh infheistíochta in JV	(122)	-
Iarmhéid deiridh	-	485

Is ionann agus 50% de chaillteanas MCCA agus an tsoláthair iomláin in aghaidh na nglansócmhainní atá fanta an caillteanas iomlán a aithnítear in 2019/20, iomlán €235k.

	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2020	2019	2020	2019
	€'000	€'000	€'000	€'000
17 Infheistíochtaí				
Infheistíochtaí Eile	1	1	1	1
	1	1	1	1

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)

An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

17 Infheistíochtaí - ar lean

Bhí leas ag an Ollscoil sna gnóthais fochuideachtaí seo a leanas atá comhdhlúite go hiomlán.

Gnóthas Fochuideachtaí	Príomhghníomhaíocht	Leas
Innovation Value Services Limited*	An gnó ar fad nó aon chuid den ghnó a bhaineann le maoin intleachtúil a fhorbairt agus a thráchtáil agus seirbhísí comhairleoireachta, measúnaithe, oiliúna agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar	100%
Fondúireacht Ollscoil Mhá Nuad Teoranta	Chun tabhartais a lorg chun scoláireachtaí a mhaoiniú agus ar mhaithe le cuspóirí sonracha eile	100%
Cuideachta Covac Faoi Theorainn Ráthaíochta **	Seirbhísí Fiontraíochta agus Oiliúna	100%

Is in Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara atá oifig chláraithe na gcuideachtaí thuasluaite ar fad.

* Rinne Stiúrthóirí Value Services Ltd leachtú deonach comhaltaí ar an gcuideachta ar an 31 Deireadh Fómhair 2019.

** Corpraíodh Cuideachta Covac Faoi Theorainn Ráthaíochta ar an 26 Meitheamh 2018. Ní dheachaigh an cuideachta i mbun trádála agus dá bhrí sin níor cuireadh aon torthaí ná sócmhainní ná dlíeanais san áireamh sna Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais. Bhí an cuideachta ar 'liosta le baint' leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar an 30 Meán Fómhair 2020 agus díscaoileadh í ar an 17 Feabhra 2021.

Bhí leas ag an Ollscoil sna gnóthais chomhlacha agus sna hinfheistíochtaí seo a leanas a aithníodh ar a gcostas agus b'ionann sin agus náid i gcás cás.

Gnóthas comhlach	Príomhghníomhaíocht	Oifig Chláraithe	Leas
Igeotech Technologies Ltd	Taighde	Bloc 8, Páirc Ghnó na Carraige Duibhe, Ascaill Dhún Charúin, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.	20%
Neuromod Devices Ltd	Taighde	The Digital Hub, Aonad J, An Chúirt Dhigiteach, Sráid Rainsford, Baile Átha Cliath 8	2.46%
Relational Frame Training Ltd	Taighde	Suaímhnes, Blackwood, Baile Riobaird, An Nás, Co. Chill Dara	18.9%
Avectas Ltd	Taighde	Maynooth Works, Foirgneamh Eolas, Ollscoil Mhá Nuad, Contae Chill Dara	0.56%
Geoerospace	Taighde	Maynooth Works, Foirgneamh Eolas, Ollscoil Mhá Nuad, Contae Chill Dara	15%

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

18 Infháiltais Trádála agus Eile

	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
<i>Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:</i>				
Infháiltais Deontas Stáit	3,562	3,562	3,787	3,787
Cuntais Infhála	2,490	2,490	2,574	2,565
Infháiltais Eile	1,799	1,740	848	848
Réamhiocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	5,140	5,140	4,244	4,244
Iasachtaí Tithíochta Foirme	14	14	16	16
Deontas Athfhillteach Stáit-Covid 19	1,729	1,729	-	-
Deontas Caipitil Stáit Infhála	11,955	11,955	5,374	5,374
Táillí Acadúla Infhála	196	196	393	393
Pinsean Cistithe	1,568	1,568	-	-
Méideanna dlite ó ghnóthais fochuideachtaí	-	111	-	65
	28,453	28,505	17,236	17,292

Is ionann agus €0.068m an méid iomlán den iasacht atá gan íoc ón bhfochuideachta Value Services Ltd ar an 30 Meán Fómhair 2020 (2019: €0.065m). Fuarthas é sin i mí na Nollag 2020.

Tá an Deontas Caipitil Stáit Infhála de €11.955m (2019: €5.374m) dlite ón Údarás um Ard-Oideachais maidir le deontas caipitil chun Tionscadal na Teicneolaíochta, na Sochaí agus na Nuálaíochta (€11.474m) a thógáil agus chun trealamh caipitil a cheannach.

San áireamh i Réamhiocaíochtaí tá suim de €0.116m (2019: €0.174m) dlite tar éis breis agus bliain amháin.

19 Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
Deontais Taighde Neamhchaite Roimh Ré	18,254	18,254	16,239	16,239
Táillí Acadúla réamhfhaighte	15,849	15,849	16,557	16,557
Glan-Dliteanas Pinsin	-	-	1,595	1,595
Creidiúnaithe Trádála	4,721	4,721	3,036	3,036
Deontas Stáit roimh ré	4,893	4,893	984	984
Creidiúnaithe Eile	1,112	1,112	1,230	1,230
Slándáil shóisialach agus cánachas eile iníoctha	3,012	3,012	2,597	2,597
Fabhruithe	5,877	5,872	3,785	3,774
Ioncam Iarchurtha	8,068	8,064	7,334	7,327
Iasachtaí neamhurraithe atá dlite laistigh de bhliain amháin	3,822	3,822	3,838	3,838
Dliteanas léasa atá dlite laistigh de bhliain amháin	58	58	57	57
Méideanna dlite do Ghnóthais fochuideachtaí	-	-	-	26
	65,666	65,657	57,252	57,260

20 Creidiúnaithe: méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

	2020		2019	
	Comhdhlúite	Ollscoil	Comhdhlúite	Ollscoil
	€'000	€'000	€'000	€'000
Iasachtaí neamhurraithe	65,648	65,648	69,454	69,454
Dliteanas Léasa	3,105	3,105	3,161	3,161
	68,753	68,753	72,615	72,615
Iomlán na n-iasachtaí bainc Neamhurraithe atá inaisíoctha mar seo a leanas:	72,575	72,575	76,453	76,453
Dlite laistigh de bhliain amháin	3,822	3,822	3,838	3,838
Dlite idir dhá bhliain agus cúig bliana	11,465	11,565	11,515	11,515
Dlite i gceann cúig bliana nó níos mó	54,183	54,083	57,938	57,938
Iasachtaí iomlána neamhurraithe	69,470	69,470	73,291	73,291

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)

An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

20 Creidiúnaithe: méideanna dlite tar éis breis agus bliain amháin (ar lean)

Rinne Ollscoil Mhá Nuad comhaontú leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chun €76.8m a fháil ar iasacht thar thréimhse fiche bliain chun tionscadail chaipitil a mhaoiniú san Ollscoil. As an méid sin, tarraingíodh anuas €50m le linn na bliana 2015/16 and tarraingíodh anuas €26.8m in 2016/17. Is é 1.584% an meánráta úis ar an iasacht sin agus b'ionann agus €1.193m san iomlán an t-ús agus na táillí eile a tabhaíodh don bhliain (2019:€1.248m.)

21 Sochair Scoir

Le linn na bliana d'oibrigh an Ollscoil trí scéim pinsin le sochar sainithe.

Scéim Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (Dúnta) 2009 – ar a dtugtaí Plean Pinsin Ollscoil na hÉireann, Má Nuad roimhe seo – “Scéim Dhúnta”

Is ionann an phríomhscéim agus “Scéim Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (Dúnta) 2009 (an Scéim Dhúnta). Tá feidhm leis an Scéim Dhúnta d'fhostaithe inphinsin a ceapadh roimh an 31 Eanáir 2005 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua. Suas go dtí an 31 Nollaig 2009 mhaoinigh an Ollscoil an Scéim Dhúnta a d'oibrigh faoi Ghníomhas Iontaobhais, agus coimeádadh a cuid sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní na hOllscoile. Foráladh san *Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009* go ndéanfaidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh chun cinn a chúiteamh mura mbeidh comhiomlán na ranníocaíochtaí ó na baill agus ó na fostóirí chuig an Ollscoil nó i seilbh na hOllscoile dóthanach chun íoc as dualgais na hOllscoile, na sochair sin a íoc de réir na scéime. Ar an 31 Nollaig 2009, de réir I.R. Uimh. 528/2009 “Ordú Aistrithe 2009 an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009” (Ollscoil na hÉireann, Má Nuad)” aistríodh sócmhainní na scéimeanna Pinsin Dúnta chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean agus foirceannadh an tIontaobhas reatha. Ní raibh aon tionchar ar na sochair a bhí iníoctha le baill, bhíodar anois ina mbaill de scéim neamh-mhaoinithe reachtúil a athainmníodh mar “Scéim Ollscoil na hÉireann (Dúnta) 2009”. B'ionann dliteanas pinsin na scéime sin sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais agus €419.2m (2019: €428.6m).

Scéim Aoisliúntas Fhostaithe Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad 2007 - “Scéim Eiseamláireach”

Tá feidhm leis an Scéim Eiseamláireach do gach fostaí nua a ceapadh chuig poist a fógraíodh ar dtús idir an 29 Samhain 2004 agus a ceapadh nó a fuair tairiscint fostaíochta ar dháta nach déanaí ná an 31 Nollaig 2012. Seo scéim íoc mar a úsáidtear a mhaoiniú le hairgead a sholáthraíonn an Stát don Ollscoil chuige sin. Bunaithe ar an eolas go n-íocfaidh an tOireachtas aon easnamh a bheidh ann chun freastal ar dhualgais na hOllscoile íoc as sochair phinsin na Scéime Dúnta agus go maoineofar dliteanas pinsin na Scéime Eiseamláirí sa todhchaí ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a sholáthróidh an Stát don Ollscoil chuige sin, tá dliteanas pinsin na Scéime Eiseamláirí fritháirithe trí shócmhainn a aithint atá comhionann le dliteanas pinsin na hOllscoile. B'ionann an dliteanas pinsin sa scéim sin ag deireadh na bliana agus €141.2m (2019: €131.6m).

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

Tá feidhm leis an Scéim Aonair maidir le gach fostaí nua a théann isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaí nua tar éis an 1 Eanáir 2013. Tugtar *Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair* uirthi agus is scéim pinsin bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime atá inti. Is scéim sochair shainithe atá inti agus mar sin tá sí san áireamh i nochtdh FRS 102. Íoctar gach ranníocaíocht pinsin ó fhostaithe don scéim Aonair ar bhonn míosúil chuig cuntas pinsin stáit. Coimeádtar ranníocaíochtaí pinsin na bhfostóirí mar chuid de chreidiúnaithe sula n-íoctar leis an stát iad. Ní gá na figiúirí a chur san áireamh sa chuntas rialaithe pinsin. Bunaithe ar an eolas go n-íocfaidh an tOireachtas aon easnamh a bheidh ann chun freastal ar dhualgais na hOllscoile íoc as sochair phinsin na Scéime Dúnta agus go maoineofar dliteanas pinsin na Scéime Aonair sa todhchaí ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a sholáthróidh an Stát don Ollscoil chuige sin, tá dliteanas pinsin na Scéime Aonair fritháirithe trí shócmhainn a aithint atá comhionann le dliteanas pinsin na hOllscoile. B'ionann dliteanas pinsin na scéime ag deireadh na bliana agus €17.2m (2019: €12.9m).

Achoimre ar an staid ag deireadh na bliana

	2020 €'000	2019 €'000
Comhdhlúite agus Ollscoil		
Glan-Dliteanas Pinsin	(577,559)	(573,144)
Pinsean infhaighte	577,559	573,144
	<u>-</u>	<u>-</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

21 Sochair Scoir - (ar lean)

Anailís ar an méid a chuirtear de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach

	2020	2019
	€'000	€'000
Costais foirne		
Costas reatha seirbhíse	(27,902)	(22,537)
Muirear iomlán ar chostais oibriúcháin	(27,902)	(22,537)
Muirir airgeadais eile		
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	(4,838)	(9,505)
Glanmhuirear airgeadais	(4,838)	(9,505)
Cistiú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain		
Cistiú in-aisghabhála maidir le costais pinsin sa bhliain reatha	32,740	32,042
Ranníocaíochtaí de chuid an fhostóra iníoctha leis an Stát	(3,878)	(3,758)
Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain	28,862	28,284

Anailís ar an méid a chuirtear de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach

	2020	2019
	€'000	€'000
(Caillteanas)/gnóthachan ó thaithí	(1,341)	2,558
Athrú ar fhoshuíomhanna achtúireacha	19,763	(72,145)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	18,422	(69,587)

Anailís ar ghluaiseacht i ndualgas sochair shainithe sa bhliain

Luach reatha an dualgais sochair shainithe ag tús na bliana	(573,144)	(478,727)
Costas reatha seirbhíse	(27,902)	(22,537)
Costas Úis	(4,838)	(9,505)
Sochair Íoctha	9,903	7,212
Caillteanas achtúireach	18,422	(69,587)
Luach reatha an dualgais sochair shainithe ag deireadh na bliana	(577,559)	(573,144)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

21 Sochair Scoir - (ar lean)

Glactar go hiomlán le riachtanais FRS 102 agus léirítear na gluaiseachtaí seo a leanas sna ráitis airgeadais.

Tá an luacháil dliteanas a úsáidtear do Nochtadh FRS102 bunaithe ar an luacháil achtúireach a rinne achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil ag deireadh na bliana. Seo a leanas na foshuíomhanna airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scoir a ríomh i ndáil leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe faoi FRS102 ar an 30 Meán Fómhair 2020 agus ar an 30 Meán Fómhair 2019 agus ar an 30 Meán Fómhair 2018:

	2020	2019	2018
Ráta méadaithe ar Thuarastail	1.50%	1.50%	2.05%
Ráta méadaithe ar Phinsin in íocaíocht	1.50%	1.50%	2.05%
Ráta Lascaine do Dhliteanais Scéime	1.00%	0.85%	2.00%
Foshuíomh Boilscithe	1.25%	1.25%	1.80%

Ceadaíonn an ráta básmhairachta atá glactha d'fheabhsúcháin ar ionchais saoil thar am chun go mbraithfidh ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain ina mbaineann an comhalta amach aois scoir (aois 65). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na gcomhaltaí a bhaineann aois 65 amach.

	2020 Blianta	2019 Blianta	2018 Blianta
Fireann	88.5-90.7	88.3-90.6	88.2-90.5
Baineann	89.7-91.6	89.6-91.6	89.5-91.5

Seo a leanas stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí:	2020	2019	2018	2017	2016
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
<i>An difríocht idir an toradh ionchasach agus iarbhír ar shócmhainní na scéime</i>					
Méid	-	-	-	-	-
Céatadán de shócmhainní na scéime	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B
<i>Gnóthachain agus caillteanas ó thaithí ar dhliteanais na scéime</i>					
Méid	(1,341)	2,558	542	(11,481)	8,042
Céatadán de dhliteanais na scéime	.0.23%	0.45%	0.12%	-2.58%	1.77%
<i>Athrú ar Fhoshuíomhanna Achtúireacha</i>					
Méid	19,763	(72,145)	(10,432)	42,692	(87,560)
Céatadán de dhliteanais na scéime	3.40%	-12.60%	-2.30%	9.58%	-19.23%

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

21 Sochair Scoir - (ar lean)

	2020	2019
Anailís ar Shócmhainn Chistithe Pinsin Iarchurtha	€'000	€'000
Ag tús na bliana	573,144	478,727
Gluaiseacht san áireamh i gcostais Foirne	27,902	22,537
Gluaiseacht san áireamh i gcostais Airgeadais	4,838	9,505
Gluaiseacht san áireamh in SOCI	(18,422)	69,587
Sochair Iníoctha leis an Stát	(9,903)	(7,212)
Ag deireadh na bliana	577,559	573,144

22 Páirtithe Gaolmhara

Rinneadh idirbhearta le fochuideachtaí na hOllscoile a dhíothú ar chomhdhlúthú agus ní thugtar nochtadh ar aon cheann de na hidirbhearta seo dá bhrí sin. Tá na hidirbhearta páirtithe gaolmhara seo a leanas ag an Ollscoil:

Is socrú áiseanna campais atá i gComhdháil agus Cóiríocht Champas Mhá Nuad (MCCA) idir Ollscoil Mhá Nuad agus Coláiste Phádraig, Má Nuad, chun úsáid a bhaint as acmhainní an dá institiúid le háiseanna lóistín agus comhdhála a sholáthar. Bhí iarmhéid de €0.122m dlite don Ollscoil maidir le roinnt an bhrabúis ar an 30 Meán Fómhair 2020 (2019: €0.485m). De bharr na gcaillteanas in MCCA sa bhliain reatha 2019/20 agus an timpeallacht trádála neamhchinnte, tá Ollscoil Mhá Nuad tar éis soláthar a dhéanamh in aghaidh sciar an bhrabúis infhála de €0.122m. Is ionann iarmhéid féichiúnaithe trádála ar an 30 Meán Fómhair 2020 agus €0.003m (2019 : €0.07m) agus is ionann agus €0.13m creidiúnaithe trádála (2019: €0.18m). B'ionann agus €0.21m na híocaíochtaí ar sheirbhísí a chuir MCCA ar fáil (2019: €0.45m) agus b'ionann agus €0.05m na híocaíochtaí a fuarthas ó MCCA ar sheirbhísí a chuir an Ollscoil ar fáil (2019: €0.28m).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

23 Cúlchistí Srianata

Is mar seo a leanas atá na cúlchistí le srianata:

	Deontais chaipitil nár caitheadh	Ioncam ó Infheistíocht/Thabh artais	2020 Iomlán €'000	2019 Iomlán €'000
	€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéideanna ar an 1 Deireadh Fómhair 2019	-	1,149	1,149	1,120
Ioncam ó Infheistíocht/Thabhartaí	-	282	282	160
Deontais chaipitil úsáidte	-	-	-	-
Caiteachas	-	(275)	(275)	(156)
(Laghdú) Méadú ar luach margaidh infheistíochtaí	-	(250)	(250)	25
Ioncam iomlán cuimsitheach srianata don bhliain	-	(243)	(243)	29
Ar an 30 Meán Fómhair 2020	-	906	906	1,149

24 Airgead agus Coibhéisí Airgid

	1 D. Fómh. 2019 eabhadh airgid an Fómhair 2020		
	€'000	€'000	€'000
Comhdhlúite			
Airgead agus coibhéisí airgid	75,450	1,412	76,862
	75,450	1,412	76,862

San áireamh sna hiarmhéideanna airgid ag deireadh na bliana tá €34.9m (2019: €40.9m) a bhaineann le hiasacht BEI. Caithfear na cistí sin ar thionscadail chaipitil chonraithe agus údaraithe a dtugtar breac-chuntas orthu i nóta 25 thíos.

25 Caipiteal agus Gealltanais Eile

Ní dhearnadh aon soláthar do na gealltanais chaipitil seo a leanas ar an 30 Meán Fómhair 2020:

	2020		2019	
	Comhdhlúite €'000	Ollscoil €'000	Comhdhlúite €'000	Ollscoil €'000
Gealltanais a bhfuil conradh ann ina leith	42,095	42,095	51,530	51,530
Gealltanais atá Údaraithe ach nach bhfuil Conraithe go fóill	16,424	16,424	21,271	21,271
	58,519	58,519	72,801	72,801

San áireamh sna gealltanais chonraithe tá €38m do Thionscadal na Teicneolaíochta, na Sochaí agus na Nuálaíochta agus €4m do Thionscadal Spóirt agus Rannpháirtíochta Pobail. Tá cuid de Thionscadal na Teicneolaíochta, na Sochaí agus na Nuálaíochta á maoiniú le deontas caipitil de €25m ón ÚAO.

San áireamh sna gealltanais údaraithe tá €14.1m d'Ionad nua na Mac Léinn, €2.2m i gcomhair thórdhreachú na ríochta poiblí agus €0.05m do dhearadh áras na mac léinn

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - (ar lean)
An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020

26 Dlíteanais Theagmhachasacha

	2020		2019	
	Comhdhlúite €'000	Ollscoil €'000	Comhdhlúite €'000	Ollscoil €'000
Ráthaíochtaí	-	-	-	-
	-	-	-	-

Tá gealltanais i scríbhinn tugtha ag Ollscoil Mhá Nuad go dtabharfaidh sí tacaíocht do Lóistín Comhdhála Champas Mhá Nuad (MCCA), comhfhiontar le Coláiste Phádraig Má Nuad, ar feadh dhá mhí dhéag ó shíniú Ráitis Airgeadais MCCA.

Níl dlíteanais theagmhachasacha ábhartha ag an Ollscoil, a bhfuiltear feasach orthu, ar an 30 Meán Fómhair 2020 nó ar an 30 Meán Fómhair 2019.

27 Oibleagáidí Léasanna Oibriúcháin

Iomlán na gcíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin:

	2020			2019	
	Talamh agus Foirgnimh	Fearas agus Innealra	Léasanna eile	Iomlán	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Iníoctha le linn na bliana	1,348	4	-	1,352	1,424
Íocaíochtaí léasa íosta dlíte sa todhchaí:					
Tráth nach déanaí ná bliain amháin	1,348	3	-	1,351	1,352
Níos déanaí ná bliain amháin agus tráth nach déanaí ná 5 bliana	854	-	-	854	930
Níos déanaí ná cúig bliana	6,191	-	-	6,191	6,368
Iomlán na n-íocaíochtaí léasa dlíte	8,393	3	-	8,396	8,650

Baineann ceangaltas léasanna oibriúcháin, den chuid is mó, le léas maoine 2 bhliain a thosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 2019 agus léas maoine 62 bliain a thosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 1998.

28 Imeachtaí i nDiaidh na Tréimhse Tuairiscithe

De bharr méadú a bheith tagtha ar rátaí ionfhabhtaithe COVID, cuireadh srianta Leibhéal 5+ i bhfeidhm i mí na Nollag 2020. Dá bharr sin, dúnadh campas na hOllscoile nach mór agus gan ach fíorbheagán teagaisc aghaidh ar aghaidh. Tabhaíodh costais bhreise agus rinneadh dochar d'ioncam cúntach na hOllscoile. In ainneoin sin, tá an tÚdarás Ceannais sásta, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar na réamh-mheastacháin is déanaí maidir le sreabhadh airgid agus buiséad, go mbeidh dóthain acmhainní ag an Ollscoil chun leanúint i mbun gnó ar feadh dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta sínithe na Ráiteas Airgeadais. Ar an gcúis sin, leanann siad de bheith ag glacadh le 'gnóthas leantach' mar bhunús agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú.

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha eile ó dheireadh na bliana a mbainfeadh impleachtaí leo maidir leis na Ráitis Airgeadais seo.

Elements of Capital, Recurrent and Research expenditure reported in these Financial Statements have been funded under one or more programmes operated by the following funding bodies and agencies:



An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business, Enterprise and Innovation



Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade



European Research Council
Established by the European Commission



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn



Fora. sna Mara
Marine Institute

